Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2024
(OR. en)

10640/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0234(COD)**

CODEC 1424
ENV 579
COMPET 613
SAN 314
MI 568
IND 293
CONSOM 207
ENT 109
FOOD 73
AGRI 457
PE 159

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Márta 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Anna ZALEWSKA (ECR, PL), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) ina raibh 116 leasú (leasuithe 1 go 116) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir an grúpa *The Left* leasú amháin síos (leasú 117), chuir na Glasaigh/an grúpa SCE dhá leasú síos (leasuithe 118 agus 119) agus chuir an grúpa ECR ceithre leasú síos (leasuithe 120 go 123).

## II. VÓTÁIL

Nuair a chaith sé vóta an 13 Márta 2024, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 116 ar an togra le haghaidh treorach. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0145

## Leasú a dhéanamh ar Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (COM(2023)0420 – C9-0233/2023 – 2023/0234(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0420),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0233/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0055/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3 á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2024/888, 06.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/888/oj

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris -1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Is é cosc agus bainistiú dramhaíola do gach cineál dramhaíola uirlis beartais fíorthábhachtach chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint san Aontas. Agus na Ballstáit ag iarraidh feabhas leanúnach a chur ar a gcláir maidir le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú, tá sé ríthábhachtach ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm go dian.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[69], éilítear gníomhaíocht threisithe bhrostaithe ón Aontas agus ó na Ballstáit chun inbhuaine comhshaoil agus shóisialta na n-earnálacha teicstílí agus bia a áirithiú mar tá siad i measc na n-earnálacha is mó atá dian ó thaobh acmhainní de agus atá ina gcúis le seachtrachtaí comhshaoil diúltacha móra. Sna hearnálacha sin, cuireann bearnaí maoiniúcháin agus teicneolaíochta bac ar an dul chun cinn i dtreo an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus chuig an dícharbónú. Tá earnálacha an bhia agus na dteicstílí ar an gcéad agus ar an gceathrú earnáil faoi seach[70] is mó atá dian ó thaobh acmhainní de agus ní chloíonn siad go hiomlán le prionsabail bhunúsacha an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola a leagtar amach le hord na réiteach dramhaíola lena gceanglaítear tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc agus d'ullmhú le haghaidh athúsáide agus | (1) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, éilítear gníomhaíocht threisithe bhrostaithe ón Aontas agus ó na Ballstáit chun inbhuaine comhshaoil agus shóisialta na n-earnálacha teicstílí agus bia a áirithiú mar tá siad i measc na n-earnálacha is mó atá dian ó thaobh acmhainní de agus atá ina gcúis le seachtrachtaí comhshaoil diúltacha móra. Sna hearnálacha sin, cuireann bearnaí maoiniúcháin agus teicneolaíochta***, i measc nithe eile,*** bac ar an dul chun cinn i dtreo an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus chuig an dícharbónú. Tá earnálacha an bhia agus na dteicstílí ar an gcéad agus ar an gceathrú earnáil faoi seach is mó atá dian ó thaobh acmhainní de agus ní chloíonn siad go hiomlán le prionsabail bhunúsacha an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola a leagtar amach le hord na réiteach dramhaíola lena gceanglaítear tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc agus d'ullmhú le haghaidh athúsáide agus |

| | |
|---|---|
| athchúrsála ina dhiaidh sin. Réitigh chórasacha lena ngabhann cur chuige saolré atá de dhíth ar na dúshláin sin. | athchúrsála ina dhiaidh sin. Réitigh chórasacha lena ngabhann cur chuige saolré atá de dhíth ar na dúshláin sin ***agus aird ar leith á tabhairt ar tháirgí bia agus teicstíle***. |

***[69] COM(2020) 98 final an 11 Márta 2020.***

***[70] Conairí Aistrithe an Aontais (europa.eu)***

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) De réir Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha[71], tá gá le hathruithe móra chun imeacht ón mbealach líneach atá i réim faoi láthair ina ndéantar táirgí teicstíle a dhearadh, a tháirgeadh agus a úsáid agus a fhaightear réidh leo, agus tá gá ar leith ann le teorainn a chur leis an mearfhaisean. Meastar sa Straitéis gur tábhachtach an rud é freagracht a chur ar tháirgeoirí as an dramhaíl a chruthaítear lena dtáirgí agus tagraítear ann do bhunú rialacha comhchuibhithe an Aontais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora le haghaidh teicstílí lena ngabhfaidh éiceamhodhnú táillí. Foráiltear ann gurb é is príomhchuspóir do na rialacha sin geilleagar a chruthú le haghaidh bailithe, sórtála, athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide, agus athchúrsála, agus táirgeoirí a spreagadh lena áirithiú go ndeartar a dtáirgí i gcomhréir le prionsabail na ciorclaíochta. Chuige sin, maidir leis na ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag táirgeoirí le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, foráiltear ann gur gá | (2) De réir Straitéis an Aontais Eorpaigh um Theicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha[71], tá gá le hathruithe móra chun imeacht ón mbealach líneach atá i réim faoi láthair ina ndéantar táirgí teicstíle a dhearadh, a tháirgeadh agus a úsáid agus a fhaightear réidh leo, agus tá gá ar leith ann le teorainn a chur leis an mearfhaisean. ***De réir fhís na Straitéise le haghaidh 2030, ba cheart go mbainfeadh tomhaltóirí leas níos faide as teicstílí ardcháilíochta inacmhainne.*** Meastar sa Straitéis gur tábhachtach an rud é freagracht a chur ar tháirgeoirí as an dramhaíl a chruthaítear lena dtáirgí agus tagraítear ann do bhunú rialacha comhchuibhithe an Aontais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora le haghaidh teicstílí lena ngabhfaidh éiceamhodhnú táillí. Foráiltear ann gurb é is príomhchuspóir do na rialacha sin geilleagar a chruthú le haghaidh bailithe, sórtála, athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide, agus athchúrsála, agus táirgeoirí a spreagadh lena áirithiú go ndeartar a dtáirgí i gcomhréir le prionsabail na ciorclaíochta. Chuige sin, maidir leis na |

| | |
|---|---|
| cuid mhór de na ranníocaíochtaí sin a thiomnú do bhearta chun dramhaíl a chosc agus don ullmhú le haghaidh athúsáide. Tacaítear ann freisin leis an ngá le cuir chuige neartaithe agus níos nuálaí i leith bainistiú acmhainní bitheolaíochta chun cur le ciorclaíocht agus luachshocrú dramhaíola bia agus le hathúsáid teicstílí bithbhunaithe. | ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag táirgeoirí le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, foráiltear ann gur gá cuid mhór de na ranníocaíochtaí sin a thiomnú do bhearta chun dramhaíl a chosc agus don ullmhú le haghaidh athúsáide. Tacaítear ann freisin leis an ngá le cuir chuige neartaithe agus níos nuálaí i leith bainistiú acmhainní bitheolaíochta chun cur le ciorclaíocht agus luachshocrú dramhaíola bia agus le hathúsáid teicstílí bithbhunaithe. |
| [71] COM(2022)141 final an 30 Márta 2022. | [71] COM(2022)141 final an 30 Márta 2022. |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) De réir faisnéisiú na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil dar teideal 'Micriplastics from textiles in Europe'[1a] [Micreaphlaistigh as teicstílí san Eoraip], is ó theicstílí sintéiseacha a thagann suas le 35% de mhicreaplaistigh dhomhanda a scaoiltear isteach in éiceachórais uisceacha, talún agus mara. Is féidir dramhaíl phlaisteach a dhéanann dochar d'éiceachórais uisceacha, talún agus mara a bhailiú go hiomchuí, a athchúrsáil agus, ar deireadh thiar thall, saol nua a thabhairt dóibh chun geilleagar ciorclach iomlán a chothú chomh maith le feasacht an phobail a ardú maidir le scaipeadh na gcleachtas is fearr.*** |
| | ***1a https://www.eea.europa.eu/publications/microplastics-from-textiles-towards-a*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ***Ag féachaint d'***éifeachtaí diúltacha an chur amú bia, gheall na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc agus laghdú ar an gcur amú bia a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ar ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an 25 Meán Fómhair 2015, agus go háirithe i gcomhréir lena sprioc chun an dramhaíl bhia dhomhanda per capita a laghdú faoina leath ar an leibhéal miondíola agus tomhaltais agus chun caillteanais bhia ar fud slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte, faoi 2030. Bhí sé d'aidhm ag na bearta sin dramhaíl bhia a chosc agus a laghdú i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. | (3) ***Agus na h***éifeachtaí diúltacha an chur amú bia ***á gcur san áireamh acu***, gheall na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc agus laghdú ar an gcur amú bia a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe***, agus Sprioc 12.3 SDG go háirithe,*** ar ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an 25 Meán Fómhair 2015, agus go háirithe i gcomhréir lena sprioc chun an dramhaíl bhia dhomhanda per capita a laghdú faoina leath ar an leibhéal miondíola agus tomhaltais agus chun caillteanais bhia ar fud slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú, lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte, faoi 2030. Bhí sé d'aidhm ag na bearta sin dramhaíl bhia a chosc agus a laghdú i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Is acmhainn luachmhar é adhmad agus moltar é a chur le liosta ábhar atá faoi réir bailiúcháin ar leith, agus a bhfuil spriocanna athúsáide agus athchúrsála acu.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Go pointe áirithe, rinne na Ballstáit ábhair a fhorbairt agus chuaigh siad i mbun feachtais ina ndírítear ar an gcur amú bia a chosc le haghaidh tomhaltóirí agus oibreoirí gnó bia; mar sin féin, díríonn siad sin ar fheasacht a mhúscailt ***seachas*** athrú ar iompraíocht ***a spreagadh***. Chun an lánacmhainneacht a bhaint amach maidir leis an gcur amú bia a laghdú agus dul chun cinn a áirithiú le himeacht ama, ní mór idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt, atá curtha in oiriúint do na cásanna sonracha agus na riachtanais shonracha sna Ballstáit, agus ní mór iad a chomhtháthú i gcláir náisiúnta chun an cur amú bia a chosc. Ba cheart béim a leagan freisin ar réitigh chiorclacha réigiúnacha, ar a n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus rannpháirtíocht saoránach chomh maith le hoiriúnú do riachtanais shonracha réigiúnacha amhail réigiúin is forimeallaí nó oileáin. | (7) Go pointe áirithe, rinne na Ballstáit ábhair a fhorbairt agus chuaigh siad i mbun feachtais ina ndírítear ar an gcur amú bia a chosc le haghaidh tomhaltóirí agus oibreoirí gnó bia; mar sin féin, díríonn siad sin ar fheasacht a mhúscailt ***agus ar athruithe substaintiúla cothaithe lena n-áirítear*** athrú ar iompraíocht. Chun an lánacmhainneacht a bhaint amach maidir leis an gcur amú bia a laghdú agus dul chun cinn a áirithiú le himeacht ama, ní mór idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt, atá curtha in oiriúint do na cásanna sonracha agus na riachtanais shonracha sna Ballstáit, agus ní mór iad a chomhtháthú i gcláir náisiúnta chun an cur amú bia a chosc. Ba cheart béim a leagan freisin ar réitigh chiorclacha réigiúnacha, rannpháirtíocht saoránach chomh maith le hoiriúnú do riachtanais shonracha réigiúnacha amhail réigiúin is forimeallaí nó oileáin. |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ***Ag féachaint do ghealltanas an Aontais i ndáil leis an uaillmhian a leagtar amach i Sprioc 12.3 SDG***, maidir le socrú na spriocanna chun an cur amú bia a laghdú atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030, ba cheart spreagadh beartais láidir a sholáthar leo chun beart a dhéanamh agus rannchuidiú mór le spriocanna domhanda a áirithiú. Mar sin féin, i bhfianaise cineál ceangailteach ó thaobh dlí na spriocanna sin, ba cheart dóibh a bheith comhréireach agus indéanta, agus ba cheart a chur san áireamh iontu ról gníomhaithe éagsúla i slabhra an tsoláthair bia chomh maith lena n-acmhainneacht (go háirithe micrifhiontair agus fiontair | (10) Maidir le socrú na spriocanna chun an cur amú bia a laghdú atá le baint amach ag na Ballstáit faoi 2030***, i gcomhréir le tiomantas an Aontais don uaillmhian atá leagtha amach i Sprioc 12.3 SDG,*** ba cheart spreagadh beartais láidir a sholáthar leo chun beart a dhéanamh agus rannchuidiú mór le spriocanna domhanda a áirithiú. Mar sin féin, i bhfianaise cineál ceangailteach ó thaobh dlí na spriocanna sin, ba cheart dóibh a bheith comhréireach***, insroichte*** agus indéanta, agus ba cheart a chur san áireamh iontu ról gníomhaithe éagsúla i slabhra an tsoláthair bia chomh maith lena n-acmhainneacht (go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga). |

bheaga). ***Ba cheart, dá bhrí sin, cur chuige céim ar chéim a ghlacadh chun spriocanna a bhunú atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ag tosú le leibhéal atá níos ísle ná an leibhéal a shocraítear faoin SDG, d'fhonn freagairt chomhsheasmhach ó na Ballstáit agus dul chun cinn follasach i dtreo Sprioc 12.3 a áirithiú.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Tá difríochtaí fós ann maidir le cumhacht mhargála idir soláthróirí agus ceannaitheoirí táirgí talmhaíochta agus bia i slabhraí an tsoláthair bia ar fud an Aontais. Is amhlaidh atá go háirithe in earnáil na talmhaíochta, ós rud é go ndéantar comhionannas i measc contrapháirtithe ón tús a shaobhadh go tapa mar gheall ar chineál sonrach na dtáirgí talmhaíochta agus an gá gaolmhar lena ndiúscairt. Dá bhrí sin, ní mór gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar na cleachtais éagóracha trádála is coitianta a imríonn tionchar ar sholáthraithe talmhaíochta, go háirithe maidir le soláthar táirgí meatacha, mar thoradh ar spriocanna ceangailteacha chun dramhaíl bhia a laghdú.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) D'aithin Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus an Sásra*** |

***Eorpach um ullmhacht agus freagairt i nGéarchéim Slándála Bia rannchuidiú na pacáistíochta chun dramhaíl bhia a laghdú agus soláthar bia agus slándáil bhia a áirithiú;***

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Bíonn gá le cuir chuige agus bearta éagsúla chun an cur amú bia a laghdú ag céimeanna an táirgthe agus an tomhaltais agus bíonn grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla i gceist. Dá bhrí sin, ba cheart aon sprioc amháin a mholadh le haghaidh na céime próiseála agus monaraíochta agus sprioc eile le haghaidh miondíol agus dáileadh eile bia, bialanna agus seirbhísí bia agus teaghlaigh. | (11) Bíonn gá le cuir chuige agus bearta éagsúla chun an cur amú bia a laghdú ag céimeanna an táirgthe agus an tomhaltais agus bíonn grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla i gceist. Dá bhrí sin, ba cheart aon sprioc amháin a mholadh le haghaidh na céime próiseála agus monaraíochta agus sprioc eile le haghaidh miondíol agus dáileadh eile bia, bialanna agus seirbhísí bia agus teaghlaigh. ***Má laghdaítear dramhaíl bhia ag pointe ar bith feadh shlabhra an tsoláthair bia, bíonn tionchar dearfach suntasach ar an gcomhshaol mar thoradh air.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Chun léirmhíniú aonfhoirmeach agus comhsheasmhach ar shonraí agus ar thuairisciú na dramhaíola bia a chur chun cinn ar fud na ngníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia agus in údaráis na mBallstát, ba cheart don Choimisiún treoirlínte cuimsitheacha a sholáthar maidir leis an modheolaíocht chun dramhaíl bia a thomhas.*** |

*Réasúnú*

*Sonraí níos sruthlínithe atá riachtanach chun na spriocanna socraithe a chur chun cinn.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Leis an modheolaíocht chomhchuibhithe a bunaíodh i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597* ón gCoimisiún, déantar foráil maidir le modhanna tuairiscithe éagsúla a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a bheidh ann amach anseo fónta ó thaobh na heolaíochta de, ar ardcháilíocht agus inchomparáide, is gá modhanna tomhais soiléire comhsheasmhacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm i measc na mBallstát agus íoscheanglais cháilíochta a bhunú agus a chur i bhfeidhm maidir le dramhaíl bhia a thomhas go haonfhoirmeach.*** <br> ***----------------------*** <br> **** Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/1597 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2019 lena bhforlíontar Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chomhchuibhithe agus ceanglais íosta cháilíochta chun leibhéil dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach (IO L 248, 27.9.2019, lch. 77).*** |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(16a) Ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun réitigh amhail lipéadú dáta níos soiléire ar tháirgí bia a chur chun cinn agus chun úsáid marcálacha dáta a éascú i gcomhréir le Rialachán (AE) 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, ionas nach mbeadh ábhar mearbhaill ann do na tomhaltóirí.***<br>***------------***<br>****       Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, dá dtagraítear in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé fíor-riachtanach go nglacfadh na táirgeoirí a chuireann táirgí áirithe teicstíle, táirgí áirithe a bhaineann le teicstílí agus táirgí áirithe coisbhirt ar mhargadh an Aontais freagracht as a mbainistíocht ag deireadh a saolré chomh maith le síneadh a chur lena saolré trí tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a chur ar fáil ar an margadh le haghaidh athúsáide. Chun | (17) I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, dá dtagraítear in Airteagal 191(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé fíor-riachtanach go nglacfadh na táirgeoirí a chuireann táirgí áirithe teicstíle, táirgí áirithe a bhaineann le teicstílí agus táirgí áirithe coisbhirt ar mhargadh an Aontais freagracht as a mbainistíocht ag deireadh a saolré chomh maith le síneadh a chur lena saolré trí tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a chur ar fáil ar an margadh le haghaidh athúsáide. Chun |

an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, is iomchuí na hoibleagáidí maidir le bainistiú táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstíle agus táirgí coisbhirt, lena n-áirítear aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, é san áireamh trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77], a chuireann na táirgí sin ar an margadh den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin. Ba cheart a eisiamh ó raon na dtáirgeoirí a chumhdaítear leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora micrifhiontair agus táilliúirí féinfhostaithe a tháirgeann táirgeoirí saincheaptha i bhfianaise a róil laghdaithe sa mhargadh teicstílí chomh maith leo siúd a chuireann ar an margadh táirgí teicstíle úsáidte, táirgí úsáidte a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt úsáidte nó táirgí den sórt sin a dhíorthaítear ó úsáid nó ó dhramhaíl na dtáirgí sin chun tacú leis an athúsáid, lena n-áirítear trí dheisiú, athchóiriú agus uaschúrsáil trína n-athraítear feidhmiúlachtaí áirithe den táirge bunaidh, laistigh den Aontas.

[77] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, is iomchuí na hoibleagáidí maidir le bainistiú táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstíle agus táirgí coisbhirt, lena n-áirítear aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, é san áireamh trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77], a chuireann na táirgí sin ar an margadh den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin. Ba cheart a eisiamh ó raon na dtáirgeoirí a chumhdaítear leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora micrifhiontair***, a gcuirfeadh freagracht den sórt sin ualach airgeadais agus riaracháin díréireach orthu,*** agus táilliúirí féinfhostaithe a tháirgeann táirgeoirí saincheaptha i bhfianaise a róil laghdaithe sa mhargadh teicstílí chomh maith leo siúd a chuireann ar an margadh táirgí teicstíle úsáidte, táirgí úsáidte a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt úsáidte nó táirgí den sórt sin a dhíorthaítear ó úsáid nó ó dhramhaíl na dtáirgí sin chun tacú leis an athúsáid, lena n-áirítear trí dheisiú, athchóiriú agus uaschúrsáil trína n-athraítear feidhmiúlachtaí áirithe den táirge bunaidh, laistigh den Aontas. ***Ba cheart, áfach, go gceadófaí do mhicrifhiontair a bheith rannpháirteach in eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.***

[77] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, úsáidtear níos lú ná 1% den dramhaíl éadaigh go léir chun éadaí nua a dhéanamh i lúb ciorclach faoi láthair. Sa lá atá inniu ann, níl an chuid is mó de theicstílí deartha le haghaidh ciorclaíochta. I gcás 78% de na táirgí teicstíle go léir, ní mór díchóimeáil a dhéanamh orthu roimh athchúrsáil teicstíle-go-teicstíle. Chun infheistíocht i dteicstílí ciorclacha a áirithiú, ba cheart spriocanna a bhunú chun teicstílí a chosc, a bhailiú, a shórtáil, a athúsáid agus a athúsáid go háitiúil, chomh maith lena n-athchúrsáil agus a n-athchúrsáil snáithín go snáithín chun tacú agus dlús a chur le forbairt theicneolaíoch agus le hinfheistíochtaí i mbonneagar chomh maith leis an ugach d'éicidhearthóireacht teicstílí. Meastar gur 12, 6 milliún tonna an dramhaíl iomlán teicstíle a ghintear, lena chumdaítear éadaí agus coisbheart, teicstílí tí, teicstílí teicniúla, agus dramhaíl iarthionsclaíoch agus réamhthomhaltais. Áirítear leis seo codáin a chaitear i leataobh le linn thairgeadh teicstíle, ag céim an mhiondíola agus ag teaghlaigh agus dramhaíl ó eintitis tráchtála[1a].*** |
| | ___ |
| | ***[1a] https://environment.ec.europa.eu/system/files/2023-07/IMPACT%20ASSESSMENT%20REPORT_SWD_2023_421_part1_0.pdf (pag.6)*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Teicstílí tí agus éadaí agus baill éadaigh atá sa chion is mó de thomhaltas teicstílí san Aontas agus is iad is mó a chuireann le patrúin neamh-inbhuaine rótháirgthe agus ró-thomhaltais. Is ar theicstílí tí agus ar bhaill éadaigh a dhírítear na córais bailithe ar leithligh uile atá ann cheana sna Ballstáit mar aon le baill éadaigh iarthomhaltais eile agus gabhálais agus coisbhearta nach iad teicstílí is mó atá iontu. Dá bhrí sin, ba cheart a chumhdach le raon feidhme na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunaítear táirgí teicstíle tí agus baill éadaigh, gabhálais éadaigh agus coisbhearta eile.*** D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh na dtáirgeoirí maidir leis na táirgí atá faoi réir na freagrachta leathnaithe táirgeora, ba cheart na táirgí a thagann faoin raon feidhme a shainaithint trí thagairt do na cóid Ainmníochta Comhcheangailte de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[78] . | (19) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh na dtáirgeoirí maidir leis na táirgí atá faoi réir na freagrachta leathnaithe táirgeora, ba cheart na táirgí a thagann faoin raon feidhme a shainaithint trí thagairt do na cóid Ainmníochta Comhcheangailte de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[78] . |
| [78] OJ L 256, 7.9.1987, lch. 1. | 78 Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1). |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Tá earnáil na dteicstílí dian ó thaobh acmhainní de. Maidir le táirgeadh amhábhar agus teicstílí araon, formhór na mbrúnna agus na dtionchar a bhaineann le tomhaltas éadaí, coisbheart, agus teicstílí ***tí*** san Aontas, is tríú tíortha atá thíos leo, ach | (20) Tá earnáil na dteicstílí dian ó thaobh acmhainní de. Maidir le táirgeadh amhábhar agus teicstílí araon, ***agus toisc go n-allmhairítear 73 % de na héadaí agus na teicstílí tí a úsáidtear san Eoraip[1],*** formhór na mbrúnna agus na |

| | |
|---|---|
| déanann siad difear freisin don Aontas i ngeall ar a dtionchar domhanda ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, is féidir cuidiú le lorg comhshaoil domhanda na hearnála a laghdú, é san áireamh san Aontas, ach dramhaíl teicstíle a chosc, ullmhú le haghaidh a hathúsáide agus í a athchúrsáil. Ina theannta sin, an bainistiú dramhaíola teicstíle atá ann faoi láthair agus atá neamhéifeachtúil ó thaobh acmhainní de, níl sé i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus bíonn mar thoradh air díobháil chomhshaoil san Aontas agus i dtríú tíortha araon, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa ó loscadh agus ó líonadh talún. | dtionchar a bhaineann le tomhaltas éadaí, coisbheart, agus teicstílí san Aontas, is tríú tíortha atá thíos leo, ach déanann siad difear freisin don Aontas i ngeall ar a dtionchar domhanda ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, is féidir cuidiú le lorg comhshaoil domhanda na hearnála a laghdú, é san áireamh san Aontas, ach dramhaíl teicstíle a chosc, ullmhú le haghaidh a hathúsáide agus í a athchúrsáil. Ina theannta sin, an bainistiú dramhaíola teicstíle atá ann faoi láthair agus atá neamhéifeachtúil ó thaobh acmhainní de, níl sé i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus bíonn mar thoradh air díobháil chomhshaoil san Aontas agus i dtríú tíortha araon, lena n-áirítear trí astaíochtaí gás ceaptha teasa ó loscadh agus ó líonadh talún. ***[1] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/QANDA_22_2015*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is é cuspóir na freagrachta leathnaithe táirgeora le haghaidh teicstílí, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte san Aontas a áirithiú, geilleagar a chruthú le haghaidh bailithe, sórtála, athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide, agus athchúrsála, go háirithe athchúrsáil snáithín go snáithín, chomh maith le dreasachtaí le haghaidh táirgeoirí lena áirithiú go ndeartar a dtáirgí i gcomhréir le prionsabal na ciorclaíochta. Ba cheart do na táirgeoirí teicstíle agus coisbheart maoiniú a dhéanamh ar na costais bhailithe, sórtála le haghaidh athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus athchúrsála, agus ar an athchúrsáil agus ar chóireáil eile de theicstílí agus de choisbhearta úsáidte agus dramhaíola a bhailítear, lena n-áirítear | (21) Is é cuspóir na freagrachta leathnaithe táirgeora le haghaidh teicstílí, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte san Aontas a áirithiú, geilleagar a chruthú le haghaidh bailithe, sórtála, athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide, agus athchúrsála, go háirithe athchúrsáil snáithín go snáithín, chomh maith le dreasachtaí le haghaidh táirgeoirí lena áirithiú go ndeartar a dtáirgí i gcomhréir le prionsabal na ciorclaíochta. Ba cheart do na táirgeoirí teicstíle agus coisbheart maoiniú a dhéanamh ar na costais bhailithe, sórtála le haghaidh athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus athchúrsála, agus ar an athchúrsáil agus ar chóireáil eile de theicstílí agus de choisbhearta úsáidte agus dramhaíola a bhailítear, lena n-áirítear |

| | |
|---|---|
| táirgí tomhaltais neamhdhíolta a meastar mar dhramhaíl iad a soláthraíodh ar chríoch na mBallstát tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí sin lena áirithiú nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí go cúlghabhálach agus go gcloíonn siad le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla. Ba cheart do na táirgeoirí sin maoiniú a dhéanamh freisin ar na costais a bhaineann le suirbhéanna comhdhéanaimh a dhéanamh ar dhramhaíl chathrach mheasctha a bhailítear, tacaíocht le haghaidh taighde agus forbairt i dteicneolaíochtaí sórtála agus athchúrsála, tuairisciú maidir le bailiú ar leithligh, athúsáid agus cóireáil eile, agus faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí deiridh maidir le tionchar agus bainistíocht inbhuanaithe teicstílí. | táirgí tomhaltais neamhdhíolta a meastar mar dhramhaíl iad a soláthraíodh ar chríoch na mBallstát tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí sin lena áirithiú nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí go cúlghabhálach agus go gcloíonn siad le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla. Ba cheart do na táirgeoirí sin maoiniú a dhéanamh freisin ar na costais a bhaineann le suirbhéanna comhdhéanaimh a dhéanamh ar dhramhaíl chathrach mheasctha a bhailítear, tacaíocht le haghaidh taighde agus forbairt i dteicneolaíochtaí sórtála agus athchúrsála, ***agus réitigh dhigiteacha go háirithe,*** tuairisciú maidir le bailiú ar leithligh, athúsáid agus cóireáil eile, agus faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí deiridh maidir le tionchar agus bainistíocht inbhuanaithe teicstílí. ***Ba cheart do na táirgeoirí sin maoiniú a dhéanamh freisin ar fhorbairt oibríochtaí athúsáide agus deisiúcháin;*** |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) I bhfianaise an phríomhróil atá ag fiontair shóisialta agus ag eintitis an gheilleagair shóisialta sna córais bailithe teicstílí atá ann cheana agus a n-acmhainneacht chun samhlacha gnó áitiúla, inbhuanaithe, rannpháirteacha agus cuimsitheacha agus poist ardchaighdeáin a chruthú san Aontas, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta[79], le tabhairt isteach scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora ba cheart gníomhaíochtaí fiontar sóisialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta atá páirteach i mbainistiú teicstílí a choinneáil ar bun agus tacú leo. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint ar na heintitis sin mar chomhpháirtithe sna córais bhailithe ar leithligh lena dtacaítear le huas-scálú na | (25) I bhfianaise an phríomhróil atá ag fiontair shóisialta agus ag eintitis an gheilleagair shóisialta sna córais bailithe teicstílí atá ann cheana agus a n-acmhainneacht chun samhlacha gnó áitiúla, inbhuanaithe, rannpháirteacha agus cuimsitheacha agus poist ardchaighdeáin a chruthú san Aontas, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta[79], le tabhairt isteach scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora ba cheart gníomhaíochtaí fiontar sóisialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta atá páirteach i mbainistiú teicstílí ***agus teicstílí dramhaíola*** a choinneáil ar bun agus tacú leo. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint ar na heintitis sin mar chomhpháirtithe sna córais bhailithe ar |

| | |
|---|---|
| húsáide agus an deisithe agus lena gcruthaítear poist ardchaighdeáin do chách agus go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. | leithligh lena dtacaítear le huas-scálú ***ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus le huas-scála*** na húsáide agus an deisithe agus lena gcruthaítear poist ardchaighdeáin do chách agus go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. |
| [79] COM (2021) 778 final an 9 Nollaig 2021. | [79] COM (2021) 778 final an 9 Nollaig 2021. |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart do tháirgeoirí agus d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh san fhaisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, go háirithe tomhaltóirí, gur cheart teicstílí agus coisbhearta úsáidte agus dramhaíola a bhailiú ar leithligh, go bhfuil scéimeanna bailithe ar fáil agus go mbíonn ról tábhachtach ag úsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéantar dramhaíl a chosc agus go ndéantar teicstílí dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú dochar don chomhshaol. Ba cheart a áireamh leis an bhfaisnéis sin infhaighteacht socruithe athúsáide le haghaidh teicstílí agus coisbheart agus na sochair chomhshaoil a bhaineann le tomhaltas inbhuanaithe agus tionchair chomhshaoil, shláinte agus shóisialta an tionscail éadaí teicstíle. Ba cheart a chur in iúl do na húsáideoirí deiridh freisin go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le roghanna tomhaltais teicstíle atá idir eolach, fhreagrach agus inbhuanaithe a dhéanamh agus a áirithiú go ndéantar teicstílí dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú dochar don chomhshaol. Tá feidhm ag na ceanglais sin ó thaobh faisnéise anuas ar na ceanglais maidir le soláthar faisnéise d'úsáideoirí deiridh i ndáil leis na táirgí teicstíle a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an | (26) Ba cheart do tháirgeoirí agus d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh san fhaisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh, go háirithe tomhaltóirí, gur cheart teicstílí agus coisbhearta úsáidte agus dramhaíola a bhailiú ar leithligh, go bhfuil scéimeanna bailithe ar fáil agus go mbíonn ról tábhachtach ag úsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéantar dramhaíl a chosc agus go ndéantar teicstílí dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú dochar don chomhshaol. Ba cheart a áireamh leis an bhfaisnéis sin infhaighteacht socruithe athúsáide le haghaidh teicstílí agus coisbheart agus na sochair chomhshaoil a bhaineann le tomhaltas inbhuanaithe agus tionchair chomhshaoil, shláinte agus shóisialta an tionscail éadaí teicstíle. Ba cheart a chur in iúl do na húsáideoirí deiridh freisin go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le roghanna tomhaltais teicstíle atá idir eolach, fhreagrach agus inbhuanaithe a dhéanamh agus a áirithiú go ndéantar teicstílí dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú dochar don chomhshaol. Tá feidhm ag na ceanglais sin ó thaobh faisnéise anuas ar na ceanglais maidir le soláthar faisnéise d'úsáideoirí deiridh i ndáil leis na táirgí teicstíle a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an |

| | |
|---|---|
| Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[80] agus i Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81]. Ba cheart teicneolaíochtaí faisnéise comhaimseartha a úsáid agus faisnéis á nochtadh do na húsáideoirí deiridh uile. Ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil ar an ngnáthbhealach, amhail póstaeir lasmuigh agus laistigh agus feachtais ar na meáin shóisialta, agus ar bhealach níos nuálaí araon, amhail rochtain leictreonach ar shuíomhanna gréasáin le cóid QR. | Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe[80] agus i Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81]. Ba cheart teicneolaíochtaí faisnéise comhaimseartha a úsáid agus faisnéis á nochtadh do na húsáideoirí deiridh uile. Ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil ar an ngnáthbhealach, amhail póstaeir lasmuigh agus laistigh agus feachtais ar na meáin shóisialta, agus ar bhealach níos nuálaí araon, amhail rochtain leictreonach ar shuíomhanna gréasáin le cóid QR ***agus an pas táirge digiteach***. |
| [80] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO nuair a ghlacfar é. | [80] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO nuair a ghlacfar é. |
| [81] Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh agus lena n-aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/73/CE agus 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 18.10.2011, lch. 1). | 81Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh agus lena n-aisghairtear Treoir 73/44/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/73/CE agus 2008/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 18.10.2011, lch. 1). |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun cur le ciorclaíocht agus inbhuaine comhshaoil agus chun na drochthionchair ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú, le Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an tsraithuimhir agus na hinstitiúidí le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí | (27) Chun cur le ciorclaíocht agus inbhuaine comhshaoil agus chun na drochthionchair ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú, le Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an tsraithuimhir agus na hinstitiúidí le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí |

Inbhuanaithe, agus críochnaigh an fonóta][82], déanfar ceanglais cheangailteacha maidir le héicidhearthóireacht táirgí teicstíle lena ndéanfar, ag brath ar a léireofar sa mheasúnú tionchair mar a bheith tairbheach le haghaidh inbhuaine comhshaoil teicstílí níos mó, rialáil ar mharthanacht, ath-inúsáidteacht, indeisitheacht, agus in-athchúrsáilteacht snáithín go snáithín de theicstílí, agus cion snáithíní athchúrsáilte sainordaitheach i dteicstílí. Déanfaidh sé rialáil freisin ar shubstaintí is ábhar imní a bheith ann chun go bhféadfaí iad a íoslaghdú agus a rianú ar mhaithe le giniúint dramhaíola a laghdú agus athchúrsáil a fheabhsú, chomh maith le cosc agus laghdú ar shnáithíní sintéiseacha a scoitear sa chomhshaol chun scaoileadh micreaphlaisteach a laghdú go mór. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora chun dearadh teicstíle níos inbhuanaithe a dhreasú chun dearadh ciorclach níos fearr a bhaint amach. Chun dreasacht mhór a sholáthar le haghaidh éicidhearthóireachta agus cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh agus comhdhéanamh na hearnála teicstíle arb iad FBManna is mó atá inti á gcur san áireamh, is gá critéir a chomhchuibhiú le haghaidh modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora bunaithe ar na paraiméadair éicidhearthóireachta is ábhartha chun cóireáil teicstílí a chumasú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola. An modhnú táillí de réir na gcritéar éicidhearthóireachta, ba cheart dó a bheith bunaithe ar na ceanglais éicidhearthóireachta agus a modheolaíochtaí tomhais a ghlactar de bhun an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe le haghaidh táirgí teicstíle nó de bhun dlí eile san Aontas lena mbunaítear critéir inbhuanaitheachta chomhchuibhithe agus modhanna tomhais le haghaidh táirgí teicstíle agus i gcás ina nglactar na cinn deiridh sin agus sa chás sin amháin. Is iomchuí an Coimisiún a

Inbhuanaithe, agus críochnaigh an fonóta][82], déanfar ceanglais cheangailteacha maidir le héicidhearthóireacht táirgí teicstíle lena ndéanfar, ag brath ar a léireofar sa mheasúnú tionchair mar a bheith tairbheach le haghaidh inbhuaine comhshaoil teicstílí níos mó, rialáil ar mharthanacht, ath-inúsáidteacht, indeisitheacht, agus in-athchúrsáilteacht snáithín go snáithín de theicstílí, agus cion snáithíní athchúrsáilte sainordaitheach i dteicstílí. Déanfaidh sé rialáil freisin ar shubstaintí is ábhar imní a bheith ann chun go bhféadfaí iad a íoslaghdú agus a rianú ar mhaithe le giniúint dramhaíola a laghdú agus athchúrsáil a fheabhsú, chomh maith le cosc agus laghdú ar shnáithíní sintéiseacha a scoitear sa chomhshaol chun scaoileadh micreaphlaisteach a laghdú go mór. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora chun dearadh teicstíle níos inbhuanaithe a dhreasú chun dearadh ciorclach níos fearr a bhaint amach. Chun dreasacht mhór a sholáthar le haghaidh éicidhearthóireachta agus cuspóirí an mhargaidh inmheánaigh agus comhdhéanamh na hearnála teicstíle arb iad FBManna is mó atá inti á gcur san áireamh, is gá critéir a chomhchuibhiú le haghaidh modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora bunaithe ar na paraiméadair éicidhearthóireachta is ábhartha chun cóireáil teicstílí a chumasú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola***, agus ar an gcion de scaoileadh micreaphlaisteach***. An modhnú táillí de réir na gcritéar éicidhearthóireachta, ba cheart dó a bheith bunaithe ar na ceanglais éicidhearthóireachta agus a modheolaíochtaí tomhais a ghlactar de bhun an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe le haghaidh táirgí teicstíle nó de bhun dlí eile san Aontas lena mbunaítear critéir inbhuanaitheachta chomhchuibhithe agus modhanna tomhais le haghaidh táirgí teicstíle agus i gcás ina nglactar na cinn deiridh sin agus sa chás

chumhachtú chun rialacha comhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh an mhodhnaithe táille chun ailíniú na gcritéar modhnaithe táillí leis na ceanglais táirge sin a áirithiú.

[82] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO nuair a ghlacfar é.

sin amháin. Is iomchuí an Coimisiún a chumhachtú chun rialacha comhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh an mhodhnaithe táille chun ailíniú na gcritéar modhnaithe táillí leis na ceanglais táirge sin a áirithiú.

[82] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO nuair a ghlacfar é.

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(27a) Trí Phas Táirge Digiteach a thabhairt isteach, mar uirlis chun inrianaitheacht táirgí teicstíle a fheabhsú go suntasach ar fud a slabhra luacha, féadfar tomhaltóirí a chumhachtú chun roghanna eolasacha a dhéanamh trí rochtain níos fearr a sholáthar ar fhaisnéis maidir le bainistíocht dheireadh ré na dtáirgí. Chuirfeadh sé sin ar chumas oibreoirí eacnamaíocha freisin méid na dramhaíola teicstíle a ghintear a rianú go beacht, chabhródh sé leis na Ballstáit oibleagáidí bailithe ar leithligh a chur chun feidhme maidir le teicstílí le haghaidh athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide, agus athchúrsáil agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (28) Chun faireachán a dhéanamh ar na táirgeoirí maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí a bhaineann le hoibleagáidí airgeadais agus eagraíochta i ndáil lena áirithiú go mbainistítear táirgí teicstíle, | (28) Chun faireachán a dhéanamh ar na táirgeoirí maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí a bhaineann le hoibleagáidí airgeadais agus eagraíochta i ndáil lena áirithiú go mbainistítear táirgí teicstíle, |

| | |
|---|---|
| táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt, idir úsáidte agus dramhaíola, a chuireann siad ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, is gá do gach Ballstát clár táirgeoirí a bhunú agus a bhainistiú agus ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí clárú leis. Ba cheart na ceanglais chlárúcháin agus an fhormáid a chomhchuibhiú ar fud an Aontais a mhéid is féidir chun an clárú a éascú, go háirithe i gcás ina ndéanann táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a chur ar an margadh den chéad uair i mBallstáit éagsúla. An fhaisnéis sa chlár, ba cheart di a bheith ar fáil ***do na heintitis sin a bhfuil ról acu i bhfíorú na comhlíontachta le hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí agus a bhforfheidhmiú***. | táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt, idir úsáidte agus dramhaíola, a chuireann siad ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, is gá do gach Ballstát clár táirgeoirí a bhunú agus a bhainistiú agus ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí clárú leis. Ba cheart na ceanglais chlárúcháin agus an fhormáid a chomhchuibhiú ar fud an Aontais a mhéid is féidir chun an clárú a éascú, go háirithe i gcás ina ndéanann táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a chur ar an margadh den chéad uair i mBallstáit éagsúla. An fhaisnéis sa chlár, ba cheart di a bheith ar fáil ***don phobal***. |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá méadú seasta tagtha ar onnmhairí teicstílí úsáidte agus dramhaíola lasmuigh den Aontas Eorpach agus is iad onnmhairí atá ar an gcion is mó den mhargadh athúsáide le haghaidh teicstílí iarthomhaltais a ghintear san Aontas. I bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar an dramhaíl teicstíle a bhaileofar tar éis thabhairt isteach an bhailithe ar leithligh faoi 2025, tá sé tábhachtach na hiarrachtaí a neartú chun dul i ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola chuig tríú tíortha i mbréagriocht ábhair neamhdhramhaíola chun ardchosaint chomhshaoil a áirithiú. Ag cur le Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach na hinstitiúidí agus an tsraithuimhir, agus críochnaigh an fonóta le haghaidh an Rialacháin maidir le Loingsiú ar dhramhaíl][84] agus i bhfianaise an chuspóra chun bainistiú inbhuanaithe teicstílí iarthomhaltais a áirithiú agus chun dul i | (32) Tá méadú seasta tagtha ar onnmhairí teicstílí úsáidte agus dramhaíola lasmuigh den Aontas Eorpach agus is iad onnmhairí atá ar an gcion is mó den mhargadh athúsáide le haghaidh teicstílí iarthomhaltais a ghintear san Aontas. I bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar an dramhaíl teicstíle a bhaileofar tar éis thabhairt isteach an bhailithe ar leithligh faoi 2025, tá sé tábhachtach na hiarrachtaí a neartú chun dul i ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola chuig tríú tíortha i mbréagriocht ábhair neamhdhramhaíola chun ardchosaint chomhshaoil a áirithiú. Ag cur le Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach na hinstitiúidí agus an tsraithuimhir, agus críochnaigh an fonóta le haghaidh an Rialacháin maidir le Loingsiú ar dhramhaíl][84] agus i bhfianaise an chuspóra chun bainistiú inbhuanaithe teicstílí iarthomhaltais a áirithiú agus chun dul i |

ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola, ba cheart foráil a dhéanamh go ndéanfar oibríocht sórtála roimh an loingsiú ar na táirgí teicstíle, na táirgí a bhaineann le teicstílí agus na táirgí coisbhirt uile a bhailítear ar leithligh. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh, maidir le hearraí teicstíle, earraí a bhaineann le teicstílí agus earraí coisbhirt úsáidte a bhailítear ar leithligh, go meastar mar dhramhaíl iad agus go mbíonn siad faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl, lena n-áirítear maidir le loingsithe dramhaíola, go dtí go ndéanfaidh oibreoir a bhfuil oiliúint air i ndáil le sórtáil le haghaidh athúsáide agus athchúrsála oibríocht sórtála orthu. Ba cheart an tsórtáil a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais sórtála chomhchuibhithe lena soláthraítear codán in-athúsáidte ardchaighdeáin a chomhlíonann riachtanais na margaí glactha teicstílí athláimhe san Aontas agus ar fud an domhain agus trí chritéir a bhunú chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl. Ba cheart faisnéis a bheith ag gabháil le loingsithe táirgí teicstíle úsáidte, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ina léirítear go bhfuil na hearraí sin ina n-aschur d'oibríocht sórtála nó d'ullmhú le haghaidh athúsáide agus go bhfuil na hearraí oiriúnach lena n-athúsáid.

ngleic le loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola, ba cheart foráil a dhéanamh go ndéanfar oibríocht sórtála roimh an loingsiú ar na táirgí teicstíle, na táirgí a bhaineann le teicstílí agus na táirgí coisbhirt uile a bhailítear ar leithligh. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh, maidir le hearraí teicstíle, earraí a bhaineann le teicstílí agus earraí coisbhirt úsáidte a bhailítear ar leithligh, go meastar mar dhramhaíl iad agus go mbíonn siad faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl, lena n-áirítear maidir le loingsithe dramhaíola, go dtí go ndéanfaidh oibreoir a bhfuil oiliúint air i ndáil le sórtáil le haghaidh athúsáide agus athchúrsála oibríocht sórtála orthu ***agus go dtí go gcomhlíonann siad na coinníollacha maidir le stádas deiridh dramhaíola***. Ba cheart an tsórtáil a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais sórtála chomhchuibhithe lena soláthraítear codán in-athúsáidte ardchaighdeáin a chomhlíonann riachtanais na margaí glactha teicstílí athláimhe san Aontas agus ar fud an domhain agus trí chritéir a bhunú chun idirdhealú a dhéanamh idir earraí úsáidte agus dramhaíl. Ba cheart faisnéis a bheith ag gabháil le loingsithe táirgí teicstíle úsáidte, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ina léirítear go bhfuil na hearraí sin ina n-aschur d'oibríocht sórtála nó d'ullmhú le haghaidh athúsáide agus go bhfuil na hearraí oiriúnach lena n-athúsáid ***agus go gcomhlíonann siad rialacha náisiúnta na tíre ceann scríbe***. ***Ag an am céanna, ba cheart a admháil nach ndéantar gach éadaí athláimhe in-athúsáidte a onnmhairítear a athúsáid sna tíortha is faighteoirí agus go bhféadfaí iad a chaitheamh i leataobh gan úsáid, rud a sháraíonn córais bainistithe dramhaíola na dtíortha is faighteoirí. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhearta breise chun onnmhairiú teicstílí athláimhe a laghdú trí athúsáid áitiúil a uasmhéadú.***

[84] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO

[84] An uimhir thagartha le cur isteach ag IO

| | |
|---|---|
| nuair a ghlacfar é. | nuair a ghlacfar é. |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun go mbainfidh na Ballstáit amach na spriocanna a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcláir chun an dramhaíl bhia a chosc le bearta nua a chur san áireamh, lena gcumhdófar roinnt comhpháirtithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena mbaineann gníomhaíochtaí comhordaithe chun dul i ngleic le teophointí sonracha chomh maith le dearcthaí agus iompraíochtaí atá ina gcúis leis an dramhaíl bhia. Agus na cláir sin á n-ullmhú, d'fhéadfadh na Ballstáit inspioráid a bhaint as na moltaí ón bPainéal Saoránach um an gCur Amú Bia. | (33) Chun go mbainfidh na Ballstáit amach na spriocanna a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcláir chun an dramhaíl bhia a chosc le bearta nua a chur san áireamh, lena gcumhdófar roinnt comhpháirtithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha ***lena n-áirítear táirgeoirí, dáileoirí, soláthraithe, miondíoltóirí agus soláthraithe seirbhísí bia, chomh maith le gníomhaithe an gheilleagair shóisialta agus eagraíochtaí comhshaoil agus tomhaltóirí***, lena mbaineann gníomhaíochtaí comhordaithe chun dul i ngleic le teophointí sonracha chomh maith le dearcthaí agus iompraíochtaí atá ina gcúis leis an dramhaíl bhia. Agus na cláir sin á n-ullmhú, d'fhéadfadh na Ballstáit inspioráid a bhaint as na moltaí ón bPainéal Saoránach um an gCur Amú Bia. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit d'fheachtais faisnéise agus oideachais atá ann cheana maidir le cosc agus bainistiú dramhaíola a fhorbairt agus a leathnú agus go leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt leo chomh maith le feachtais*** |

***nua a thabhairt isteach. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar fheasacht ghinearálta ar fud na n-earnálacha uile maidir leis an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a chosc agus le bainistiú cuí dramhaíola, tá gá fós le dul chun cinn breise.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) Chun léirmhíniú comhsheasmhach na n-údarás náisiúnta ar shonraí maidir le dramhaíl bhia agus ceanglais tuairiscithe a éascú, agus ualach riaracháin neamhriachtanach ar oibreoirí i slabhra an tsoláthair bia á sheachaint ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún treoir a ghlacadh chun gníomhartha tarmligthe a léirmhíniú, ag leanúint an sampla den Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le dramhaíl chathrach[1a] nó den Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[1b];*** |

---

***[1a] An Coimisiún Eorpach, Eurostat, Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí maidir le dramhaíl chathrach de réir Chinntí Cur Chun Feidhme 2019/1004/CE agus 2019/1885/CE ón gCoimisiún, agus Ceistneoir Comhpháirteach Eurostat agus ECFE, (leagan 2023) ghttps://ec.europa.eu/eurostat/documents/342366/351811/Guidance+on+municipal+waste+data+collection/***

[1b] **An Coimisiún Eorpach, Eurostat, Treoir maidir le tiomsú agus tuairisciú sonraí ar phacáistíocht agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht de réir Chinneadh 2005/270/CE; (leagan 2023) https://ec.europa.eu/eurostat/documents/342366/351811/PPW+-+Guidance+for+the+compilation+and+reporting+of+data+on+packaging+and+packaging+waste.pdf/297d0cda-e5ff-41e5-855b-5d0abe425673?t=1621978014507**

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 39 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Tá sé tábhachtach go ndéanfar cur chun feidhme na mBallstát de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle* a fheabhsú go substaintiúil agus go gasta, ós rud é go ndéantar díobháil don chomhshaol san Aontas, lena n-áirítear saincheisteanna trasteorann, mar gheall ar leitheadúlacht agus teacht chun cinn láithreán dumpála neamhdhleathaí agus líonta talún ar fud na tíre i mBallstáit éagsúla, amhail láithreáin líonta talún nach gcomhlíonann na caighdeáin agus na ceanglais atá leagtha amach sa Treoir sin. Mar sin, is iomchuí go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht, athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun Treoir 1999/31/CE ón gComhairle a leasú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an mheastóireacht measúnú ar bhealaí chun forálacha cur chun feidhme a neartú.*** |
| | *-------------* |
| | ****	Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an ngá leis an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun bainistiú dramhaíola a thabhairt i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus athbhreithniú spriocdhírithe a bhreithniú ar athbhreithniú atá dírithe ar dhramhaíl chúram sláinte, go háirithe dramhaíl chógaisíochta ó theaghlaigh phríobháideacha. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach ábhair dhramhaíola cúram sláinte a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil chun a dtionchar ar an gcomhshaol agus ídiú acmhainní a íoslaghdú agus sláinte an phobail a choimirciú. Chuideodh sé sin le béim a leagan ar thiomantas an Aontais do bhainistíocht fhreagrach ar dhramhaíl agus chun saoráidí agus tionscal cúram sláinte a dhéanamh ina gcomhpháirtí ríthábhachtach in iarrachtaí níos leithne an Choimisiúin chun dramhaíl a laghdú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn.*** |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 3 – mír 8 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' eintiteas arna rialú ag an dlí príobháideach a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí don mhargadh ar bhealach fiontraíoch agus i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***prionsabail agus gnéithe an gheilleagair shóisialta, arb iad cuspóirí sóisialta nó comhshaoil is cúis lena ghníomhaíocht tráchtála; Is féidir fiontair shóisialta a bhunú i bhfoirmeacha dlíthiúla éagsúla;*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. Áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas: | Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia ***feadh an bhiashlabhra iomlán,*** i dtáirgeadh príomhúil, i bpróiseáil agus i monarú, i miondíol agus i ndáileadh eile ar bhia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh. Áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas ***ach gan bheith teoranta dóibh***: |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt agus tacú leo chun an cur amú bia a laghdú, agus feachtais faisnéise chun feasacht a mhúscailt maidir leis an gcur amú bia a chosc; | (a) idirghabhálacha athraithe iompraíochta a fhorbairt agus tacú leo chun an cur amú bia a laghdú, agus feachtais faisnéise chun feasacht a mhúscailt maidir leis an gcur amú bia a chosc ***chomh maith le táirgeadh bia***; |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) neamhéifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú shlabhra an tsoláthair bia a shainaithint agus dul i ngleic leo agus tacú le comhar i measc na ngníomhaithe uile, agus dáileadh cóir chostais agus shochair na mbeart coisctheach a áirithiú***;*** | (b) neamhéifeachtúlachtaí i bhfeidhmiú shlabhra an tsoláthair bia a shainaithint agus dul i ngleic leo agus tacú le comhar i measc na ngníomhaithe uile, agus dáileadh cóir chostais agus shochair na mbeart coisctheach a áirithiú***, a bhféadfar a bheith ar áireamh ann: - torthaí agus glasraí a bhfuil fabhtanna seachtracha orthu nach gcomhlíonann caighdeáin mhargaíochta an Aontais nó UNECE a chur chun cinn, ach atá fós oiriúnach agus sábháilte lena gcaitheamh go háitiúil nó go díreach, mar atá leagtha amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429* (torthaí agus glasraí 'gránna')***; agus ***dul i ngleic le cleachtais mhargaidh is cúis le cur amú bia, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/633** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;***<br>---------------<br>**** Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/2429 an 17 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1666/1999 ón gCoimisiún agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 agus (AE) Uimh. 1333/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2429, 03.11.2023, ELI:*** |

***http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2429/oj).***

***** Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).***

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (c) deonú agus athdháileadh ***eile*** bia lena chaitheamh ag an duine a spreagadh, agus tús áite á tabhairt d'úsáid an duine ar bheatha ainmhithe agus athphróiseáil i dtáirgí neamhbhia; | (c) deonú bia a spreagadh agus athdháileadh lena chaitheamh ag an duine ***a áirithiú***, agus tús áite á tabhairt d'úsáid an duine ar bheatha ainmhithe agus athphróiseáil i dtáirgí neamhbhia; |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) tacú le hoiliúint agus le forbairt scileanna mar aon le rochtain ar dheiseanna cistiúcháin a éascú, go háirithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe an gheilleagair shóisialta. | (d) tacú le hoiliúint agus le forbairt scileanna***, lena n-áirítear in údaráis áitiúla,*** mar aon le rochtain ar dheiseanna cistiúcháin a éascú, go háirithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gníomhaithe an gheilleagair shóisialta. |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 1 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(da) nuálaíocht agus réitigh theicneolaíocha a chuireann le cosc a chur ar chur amú bia a spreagadh agus a chur chun cinn, amhail pacáistiú cliste atá beartaithe chun an seilfré a fhadú nó chun riocht an bhia pacáistithe a chothabháil nó a fheabhsú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 450/2009 ón gCoimisiún* , go háirithe le linn iompair agus stórála, agus lipéadú dáta níos soiléire ar tháirgí bia agus ar uirlisí atá soláimhsithe le húsáid chun mearbhall a laghdú agus úsáid marcálacha dáta a éascú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 1169/2011, rannchuidiú le cosc a chur ar dhiúscairt earraí bia nach bhfuil gá leis. earraí atá fós sábháilte lena gcaitheamh.*** |
| | ***------------*** |
| | **** Rialachán (CE) Uimh. 450/2009 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2009 maidir le hábhair agus earraí gníomhacha agus cliste a ceapadh lena dteacht i dteagmháil le bia(IO L 135, 30.5.2009, lch. 3).*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9 a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Áiritheoidh na Ballstáit maidir le gach gníomhaí ábhartha sa slabhra soláthair go | Áiritheoidh na Ballstáit maidir le gach gníomhaí ábhartha sa slabhra soláthair go |

| | |
|---|---|
| bhfuil siad rannpháirteach i gcomhréir lena n-acmhainneacht agus lena ról chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia feadh shlabhra an tsoláthair bia, le béim ar leith ar chosc a chur ar thionchar díréireach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. | bhfuil siad rannpháirteach i gcomhréir lena n-acmhainneacht agus lena ról ***i nginiúint dramhaíola bia agus*** chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola bia feadh shlabhra an tsoláthair bia, le béim ar leith ar chosc a chur ar thionchar díréireach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. ***Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha bia nár díoladh atá sábháilte lena chaitheamh ag an duine ar fáil lena dheonú.*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme a mbeart chun an cur amú bia a chosc, lena n-áirítear comhlíontacht na spriocanna laghdaithe bia dá dtagraítear i mír 4, trí na leibhéil dramhaíola bia a thomhas ar bhonn na modheolaíochta a bhunaítear i gcomhréir le mír 3. | 2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme a mbeart chun an cur amú bia a chosc, lena n-áirítear comhlíontacht na spriocanna laghdaithe ***dramhaíola***bia dá dtagraítear i mír 4, trí na leibhéil dramhaíola bia a thomhas ar bhonn na modheolaíochta a bhunaítear i gcomhréir le mír 3. |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun ***Cinneadh Tarmligthe (EU) 2019/1597 ón gCoimisiún a leasú agus*** an |

| | |
|---|---|
| ceanglais cháilíochta íosta a leagan síos chun leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach. | Treoir seo a fhorlíonadh maidir le modheolaíocht chomhchoiteann agus ceanglais cháilíochta íosta a leagan síos chun leibhéil na dramhaíola bia a thomhas go haonfhoirmeach. |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Cuirfear an mhodheolaíocht, na modhanna tomhais agus na sonraí a úsáidtear chun leibhéil na dramhaíola bia dá dtagraítear i mír 3 a thomhas ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) laghdú ***10 %*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht i gcomparáid leis an méid a gineadh ***in 2020;*** | (a) laghdú ***20 % ar a laghad*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia sa phróiseáil agus sa mhonaraíocht i gcomparáid leis an méid a gineadh ***mar mheán bliantúil idir 2020 agus 2022.*** |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) laghdú ***30 %*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia per capita, go comhpháirteach i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh, i gcomparáid leis an méid a gineadh ***in 2020***. | (b) laghdú ***40 % ar a laghad*** a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola bia per capita, go comhpháirteach i miondíol agus i ndáileadh eile bia, i mbialanna agus i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh, i gcomparáid leis an méid a gineadh ***mar mheán bliantúil idir 2020 agus 2022***. |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar féidir le Ballstát sonraí a sholáthar le haghaidh bliain tagartha roimh 2020, ar sonraí iad a bailíodh le modhanna atá inchomparáide leis an modheolaíocht agus leis na ceanglais cháilíochta íosta le haghaidh tomhas aonfhoirmeach ar leibhéil dramhaíola bia mar a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (EU) 2019/1597 ón gCoimisiún, féadfar bliain tagartha níos luaithe a úsáid. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go bhfuil sé beartaithe aige bliain tagartha níos luaithe a úsáid laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus soláthróidh sé don Choimisiún na sonraí agus na modhanna tomhais a úsáidtear chun iad a bhailiú. | 5. I gcás inar féidir le Ballstát sonraí a sholáthar le haghaidh bliain tagartha roimh 2020, ar sonraí iad a bailíodh le modhanna atá inchomparáide leis an modheolaíocht agus leis na ceanglais cháilíochta íosta le haghaidh tomhas aonfhoirmeach ar leibhéil dramhaíola bia mar a leagtar amach i gCinneadh Tarmligthe (EU) 2019/1597 ón gCoimisiún, féadfar bliain tagartha níos luaithe a úsáid. ***Beidh feidhm ag an mbliain tagartha níos luaithe sin maidir leis an dá sprioc dá dtagraítear i mír 4, pointe (a) agus pointe (b).*** Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile go bhfuil sé beartaithe aige bliain tagartha níos luaithe a úsáid laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus soláthróidh sé don Choimisiún na sonraí agus na modhanna |

| | |
|---|---|
| | tomhais a úsáidtear chun iad a bhailiú ***agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad***. |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Spreagtar na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú chun cur amú bia a chosc agus dea-chleachtais a roinnt.*** |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 7 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na leibhéil iomchuí chun spriocanna a leagan síos chun an dramhaíl bia uile i dtairgeadh príomhúil a laghdú, lena n-áirítear bia aibí neamhshaothraithe nó bia aibí a úsáidtear ar fheirmeacha. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh togra reachtach, más iomchuí.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 9a – mír 7 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7c. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhféidearthacht sprioc cheangailteach 30 % ar a laghad a thabhairt isteach i ndáil le hAirteagal 9a(4), pointe (a), agus 50 % ar a laghad maidir le Airteagal 9a(4), pointe (b), a bheidh le baint amach faoi 2035 agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a bhféadfadh togra reachtach iomchuí a bheith ag gabháil léi chun an sprioc sin a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 10 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:***<br>***2a. Moltar do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, sórtáil roimh ré de dhramhaíl mheasctha chathrach a thabhairt isteach chun dramhaíl, ar féidir í a aisghabháil lena hullmhú d'athúsáid, nó d'athchúrsáil, a chosc óna bheith curtha chuig loscadh dramhaíola nó óna bheith diúscartha i líonadh talún.*** |

*(https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj/eng)*

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 10 – mír 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:*** |
| 4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú nach ndéanfar dramhaíl a bailíodh ar leithligh le haghaidh ullmhú d'athúsáid agus athchúrsáil de bhun Airteagal 11(1) agus Airteagal 22 a loscadh cé is moite de dhramhaíl atá ann mar thoradh ar oibríochtaí cóireála iardain ar an dramhaíl a bailíodh ar leithligh agus a dtugann an loscadh an toradh is fearr ó thaobh an chomhshaoil de ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4. | "4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú nach ndéanfar dramhaíl a bailíodh ar leithligh le haghaidh ullmhú d'athúsáid agus athchúrsáil de bhun Airteagal 11(1) agus Airteagal 22 a loscadh ***nó a chur i líonadh talún***, cé is moite de dhramhaíl atá ann mar thoradh ar oibríochtaí cóireála iardain ar an dramhaíl a bailíodh ar leithligh agus a dtugann an loscadh an toradh is fearr ó thaobh an chomhshaoil de ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4. |

*(https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj/eng)*

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5) in Airteagal 11, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ***habairt***: | 5) in Airteagal 11, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ***fomhír***: |
| 'Faoi réir Airteagal 10(2) agus (3), bunóidh na Ballstáit bailiú ar leithligh le haghaidh páipéir, miotail, plaistigh agus gloine ar a laghad.'; | Faoi réir Airteagal 10(2) agus (3), bunóidh na Ballstáit bailiú ar leithligh le haghaidh páipéir, miotail, plaistigh agus gloine ar a laghad***, agus faoin 1 Eanáir 2025, le haghaidh teicstilí, agus spreagfar iad chun bailiú ar leithligh a bhunú le haghaidh adhmaid***. |

*(https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj/eng)*

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 11 i ndiaidh an tríú fomhír:*** |
| | ***Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil bonneagar leordhóthanach i bhfeidhm chun an dramhaíl a bhailiú ar leithligh agus go mbeidh rochtain éasca air, le haghaidh gach cineál dramhaíola, agus i gcás inarb iomchuí, méadóidh siad líon na bpointí bailithe dramhaíola scartha.*** I gcás inar gá córais bailithe dramhaíola cathrach a fheabhsú, déanfaidh na Ballstáit amhlaidh gan mhoill mhíchuí.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj/eng)*

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh freagracht leathnaithe táirgeora ag | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh freagracht leathnaithe táirgeora ag |

| | |
|---|---|
| táirgeoirí as táirgí teicstíle ***tí***, baill éadaigh, gabhálais éadaí agus coisbhearta, baill éadaigh agus gabhálais éadaigh a liostaítear in Iarscríbhinn IVc ('táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt') a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 8a. | táirgeoirí as táirgí teicstíle, baill éadaigh, gabhálais éadaí agus coisbhearta, baill éadaigh agus gabhálais éadaigh a liostaítear in Iarscríbhinn IVc ('táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt') a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 8a. |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin 31 Nollaig 2024, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 38a chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le rialacha breise a leagan síos maidir le freagracht leathnaithe táirgeora as trealamh cosanta pearsanta a bhunú dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/425 de ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.***<br>***--------------***<br>**** Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22 a – mír 1 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Faoin 31 Nollaig 2027, áiritheoidh na Ballstáit maidir le táirgeoirí cairpéid agus tochtanna dá dtagraítear i gCuid 2a (nua) d'Iarscríbhinn IVc, arb í teicstíl a bpríomh-chomhdhéanamh, a chuirfidh na cairpéid agus na tochtanna sin ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, go mbeidh freagracht leathnaithe táirgeora orthu i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 8a. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunú go sonrach le haghaidh na n-earraí sin.*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun Iarscríbhinn IVc a ghabhann leis an Treoir seo a leasú chun na cóid Ainmníochta Comhcheangailte a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a ghabhann leis an Treoir seo a chur i gcomhréir leis na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle*. | 2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a chun ***raon feidhme*** Iarscríbhinn IVc a ghabhann leis an Treoir seo ***a leathnú agus chun í*** a leasú chun na cóid Ainmníochta Comhcheangailte a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a ghabhann leis an Treoir seo a chur i gcomhréir leis na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle*. |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Saineoidh na Ballstáit ar bhealach soiléir róil agus freagrachtaí gníomhaithe ábhartha atá páirteach i gcur chun feidhme na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora dá dtagraítear i mír 1 agus i bhfaireachán air agus ina fhíorú. | 3. Saineoidh na Ballstáit ar bhealach soiléir***, cuimsitheach agus cothrom, i gcomhréir le hAirteagal 8a(1), pointe (a),*** róil agus freagrachtaí gníomhaithe ábhartha atá páirteach i gcur chun feidhme na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora dá dtagraítear i mír 1 agus i bhfaireachán air agus ina fhíorú. ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gníomhaithe ábhartha go léir rannpháirteach go hiomlán i bpróiseas cinnteoireachta na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora. Áireofar ar na gníomhaithe ábhartha sin:*** |
| | ***(a) táirgeoirí a chuireann táirgí ar mhargadh an Bhallstáit;*** |
| | ***(b) eagraíochtaí a chuireann oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora chun feidhme ar a son;*** |
| | ***(c) oibreoirí dramhaíola príobháideacha nó poiblí;*** |
| | ***(d) údaráis áitiúla;*** |
| | ***(e) oibreoirí athúsáide agus oibreoirí maidir le hullmhú d'athúsáid;*** |
| | ***(f) fiontair shóisialta, lena n-áirítear fiontair shóisialta áitiúla;*** |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe a – pointe 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) bailiú ***na dtáirgí úsáidte sin*** le | (1) bailiú ***táirgí teicstíle úsáidte*** le |

| | |
|---|---|
| haghaidh athúsáide agus bailiú ar leithligh táirgí dramhaíola le haghaidh ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála i gcomhréir le hAirteagail 22c agus 22d**,** | haghaidh athúsáide agus bailiú ar leithligh táirgí ***teicstíle*** dramhaíola le haghaidh ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 22c agus Airteagal 22d |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe a – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) iompar lód arna mbailiú dá dtagraítear i bpointe (1) le haghaidh sórtáil ina dhiaidh sin le haghaidh athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide agus oibríochtaí athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 22d, | (2) iompar lód arna mbailiú dá dtagraítear i bpointe (1) le haghaidh sórtáil ina dhiaidh sin le haghaidh athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide agus oibríochtaí athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 22d, |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe a – pointe 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) sórtáil, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil agus oibríochtaí aisghabhála eile agus diúscairt lód arna mbailiú dá dtagraítear i bpointe (1), | (3) sórtáil, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil agus oibríochtaí aisghabhála eile agus diúscairt lód arna mbailiú dá dtagraítear i bpointe (1), |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe a – pointe 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) bailiú, iompar agus cóireáil dá dtagraítear i bpointí (1) agus (2) de dhramhaíl arna giniúint ag fiontair shóisialta agus oibreoirí ***neamhdhramhaíola*** eile ar cuid iad den chóras bailithe dá dtagraítear in Airteagal 22c, míreanna 5 agus 11; | (4) bailiú, iompar agus cóireáil dá dtagraítear i bpointí (1) agus (2) de dhramhaíl arna giniúint ag fiontair shóisialta agus oibreoirí eile ar cuid iad den chóras bailithe dá dtagraítear in Airteagal 22c, míreanna 5 agus 11; |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis a sholáthar faoi thomhaltas inbhuanaithe, dramhaíl a chosc, athúsáid, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil, aisghabháil eile agus diúscairt teicstílí agus táirgí coisbhirt i gcomhréir le hAirteagal 22c(13)(14) agus (17); | (c) faisnéis a sholáthar***, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise iomchuí agus obair chumarsáide,*** faoi thomhaltas inbhuanaithe, dramhaíl a chosc, athúsáid, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil, aisghabháil eile agus diúscairt teicstílí agus táirgí coisbhirt i gcomhréir le hAirteagal 22c(13), (14) agus (17); |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (e) tacú le taighde agus forbairt chun feabhas a chur ar na próisis sórtála agus athchúrsála, go háirithe, i bhfianaise uas-scálú athchúrsála snáithín go snáithín, gan dochar do rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair. | (e) tacú le taighde agus forbairt chun feabhas a chur ar na próisis sórtála agus athchúrsála ***i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 4***, go háirithe, i bhfianaise uas-scálú athchúrsála snáithín go snáithín, gan dochar do rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair. |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 4 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) oibríochtaí athúsáide agus deisiúcháin, lena n-áirítear taighde agus forbairt chun iad a fheabhsú.*** |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a liostaítear in Iarscríbhinn IVc na costais dá dtagraítear i bpointe 4 den Airteagal seo a chumhdach i ndáil leis na táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ar táirgí úsáidte agus dramhaíola iad a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a bhfágtar iad ag na pointí bailithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 22c, | 5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a liostaítear in Iarscríbhinn IVc na costais dá dtagraítear i bpointe 4 den Airteagal seo a chumhdach i ndáil leis na táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ar táirgí úsáidte agus dramhaíola iad a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a bhfágtar iad ag na pointí bailithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 22c, |

| | |
|---|---|
| pointí 5 agus 11, i gcás inar cuireadh na táirgí sin ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit tar éis [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. | pointí 5 agus 11, i gcás inar cuireadh na táirgí sin ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit tar éis [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], ***lena n-áirítear aon teicstílí úsáidte agus dramhaíola a fhéadfar a bhailiú trí scéimeanna aisghlactha príobháideacha agus a chomhiomlánófar níos déanaí le teicstílí a bhailítear de bhun Airteagal 22c(5)***. |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Na costais arna gcumhdach, dá dtagraítear i mír 4, ní rachaidh siad thar na costais is gá chun na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a chur ar fáil eatarthu féin ar bhealach costéifeachtach agus déanfaidh na gníomhaithe lena mbaineann iad a bhunú ar bhealach trédhearcach. | 6. Na costais arna gcumhdach, dá dtagraítear i mír 4, ní rachaidh siad thar na costais is gá chun na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a chur ar fáil eatarthu féin ar bhealach costéifeachtach ***atá i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola*** agus déanfaidh na gníomhaithe lena mbaineann iad a bhunú ar bhealach trédhearcach. |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/99

Airteagal 22a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne lena bhféadfaidh tomhaltóirí*** |

***cianchonarthaí a chur i gcrích le trádálaithe go gclárófar táirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstíle agus coisbhirt atá liostaithe in Iarscríbhinn IVc i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 22b sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir lonnaithe, sula gcuirtear táirgí ó na táirgeoirí sin ar a n-ardáin.***

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/99

Airteagal 22a – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a bhunú faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta ***30*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] i gcomhréir le hAirteagail 8, 8a, 22a go 22d. | 8. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a bhunú faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta ***18*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] i gcomhréir le hAirteagail 8, 8a, 22a go 22d. |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go soláthraítear leis an gclár naisc le cláir náisiúnta eile chun clárú táirgeoirí sna Ballstáit uile a éascú. | Áiritheoidh na Ballstáit go soláthraítear leis an gclár naisc le cláir náisiúnta eile chun clárú táirgeoirí sna Ballstáit uile a éascú. ***Beidh rochtain éasca ar an gclár agus é saor in aisce ar líne don phobal.*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfidh na Ballstáit na Ballstáit eile ar an eolas faoin nasc leis an gclár náisiúnta laistigh de 30 lá ó sheoladh an chláir sin.*** |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b – mír 6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gheobhaidh sé iarratais chun na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 2 a chlárú trí chóras próiseála sonraí leictreonach a gcuirfear na sonraí díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin na n-údarás inniúil; | (a) gheobhaidh sé iarratais chun na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 2 a chlárú trí chóras próiseála sonraí leictreonach a gcuirfear na sonraí díobh ar fáil ***go feiceálach*** ar shuíomh gréasáin na n-údarás inniúil; |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***I gcás nach bhfuil*** an fhaisnéis atá i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal***, áiritheoidh*** na Ballstáit go mbeidh rochtain saor in aisce ag na soláthraithe ar ardáin ar líne, lena bhféadfaidh tomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le táirgeoirí, ar an gclár. | 9. Beidh an fhaisnéis i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal, inléite***, insortáilte agus inchuardaithe ag meaisín, lena n-urramófar caighdeáin oscailte don úsáid ó thríú páirtithe. Áiritheoidh*** na Ballstáit go mbeidh rochtain saor in aisce ag na soláthraithe ar ardáin ar líne, lena bhféadfaidh tomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le táirgeoirí, ar an gclár. |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b – mír 9 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta atá sé clár uile-Aontais a bhunú do tháirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstíle agus táirgí coisbhirt atá liostaithe in Iarscríbhinn IVc. Cuimseoidh an measúnú sin na tairbhí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann agus an acmhainn riaracháin is gá chun an clár uile-Aontais sin a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22ba*** |
| | ***Treoirlínte tuairiscithe do chuideachtaí*** |
| | ***Forbróidh an Coimisiún treoirlínte*** |

| | |
|---|---|
| | ***cuimsitheacha do tháirgeoirí táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstíle agus táirgí coisbhirt chun an fhaisnéis is gá dá dtagraítear in Airteagal 22c(13) agus Airteagal 22c(17) a thuairisciú go leictreonach ar ais chuig na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí. Áireofar ar na treoirlínte sin an méid seo a leanas ar a laghad:*** |
| | ***(a) treoracha soiléire maidir le sceidil tuairiscithe chun cur isteach sonraí tráthúil agus anailís thráthúil a spreagadh;*** |
| | ***(b) sonraíochtaí maidir le struchtúr agus formáid an tuairiscithe sonraí chun aonfhoirmeacht, comhsheasmhacht agus éascaíocht comhdhlúthaithe sonraí a áirithiú le haghaidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheartaíonn na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagail 8a(3), 22a, 22b, 22d agus leis an Airteagal seo údarú a fháil ó údarás inniúil. | 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheartaíonn na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagail 8a(3), 22a, 22b, 22d agus leis an Airteagal seo údarú a fháil ó údarás inniúil. ***Áireofar leis an bpróiseas údaraithe:*** |
| | ***(a) critéir shoiléire maidir le cáilíochtaí agus inniúlachtaí eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuil an saineolas is gá acu*** |

| | |
|---|---|
| | ***maidir le bainistíocht dramhaíola, inbhuanaitheacht agus measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol;*** |
| | ***(b) nósanna imeachta mionsonraithe chun díospóidí nó saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus táirgeoirí a réiteach, lena n-áirítear sásraí chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí.*** |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil siad bunaithe ar mheáchan na dtáirgí lena mbaineann agus, i gcás táirgí teicstíle a liostaítear ***i gCuid 1 d'***Iarscríbhinn IVc, go modhnaítear iad ar bhonn na gceanglas éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Rialachán.../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an tsraithuimhir don Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe nuair a ghlactar é]** is ábhartha maidir le dramhaíl teicstíle a chosc agus maidir le ***teicstílí*** a chóireáil i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus leis na modheolaíochtaí comhfhreagracha tomhais do na critéir sin arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin nó ar bhonn dlí eile de chuid an Aontais lena mbunaítear critéir chomhchuibhithe inbhuanaitheachta agus modhanna tomhais le haghaidh táirgí teicstíle, agus lena n-áirithítear feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus ar chiorclaíocht teicstílí; | (a) go bhfuil siad bunaithe ar mheáchan ***agus ar chainníocht*** na dtáirgí lena mbaineann agus, i gcás táirgí teicstíle a liostaítear ***in Iarscríbhinn*** IVc, go modhnaítear iad ar bhonn na gceanglas éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Rialachán.../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an tsraithuimhir don Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe nuair a ghlactar é]** is ábhartha maidir le dramhaíl teicstíle a chosc agus maidir le ***dramhaíl teicstíle*** a chóireáil i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus leis na modheolaíochtaí comhfhreagracha tomhais do na critéir sin arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin nó ar bhonn dlí eile de chuid an Aontais lena mbunaítear critéir chomhchuibhithe inbhuanaitheachta agus modhanna tomhais le haghaidh táirgí teicstíle, agus lena n-áirithítear feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus ar chiorclaíocht teicstílí; |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás inar gá chun saobhadh an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint agus chun comhsheasmhacht leis na ceanglais éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Airteagal 4 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 de Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an tsraithuimhir le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe nuair a ghlacfar é] a áirithiú, ***féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na critéir modhnaithe táillí le haghaidh chur chun feidhme mhír 3, pointe (a), den Airteagal seo. Ní bhainfidh an gníomh cur chun feidhme sin le cinneadh beacht leibhéal na ranníocaíochtaí agus glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2) den Treoir seo. | 4. I gcás inar gá chun saobhadh an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint agus chun comhsheasmhacht leis na ceanglais éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Airteagal 4 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 de Rialachán …/… [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an tsraithuimhir le haghaidh an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe nuair a ghlacfar é] a áirithiú, ***déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na critéir modhnaithe táillí le haghaidh chur chun feidhme mhír 3, pointe (a), den Airteagal seo. Ní bhainfidh an gníomh cur chun feidhme sin le cinneadh beacht leibhéal na ranníocaíochtaí agus glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39(2) den Treoir seo. |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) áiritheoidh sé go mbaileofar, saor in aisce, táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt, idir tháirgí úsáidte agus dramhaíola, den sórt sin a bhailítear ag na pointí bailithe nasctha, a mhinice a bheidh i gcomhréir leis an | (b) áiritheoidh sé go mbaileofar***, le sceideal inoiriúnaithe lena choigeartófar éileamh***, saor in aisce, táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt, idir tháirgí úsáidte agus dramhaíola, den sórt sin a bhailítear ag na pointí bailithe |

| | |
|---|---|
| limistéar a chumhdaítear agus le méid na dtáirgí teicstíle ***agus coisbhirt*** úsáidte agus dramhaíola a bhailítear trí na pointí bailithe sin de ghnáth; | nasctha agus go bhfuil sceideal inoiriúnaithe a choigeartóidh éileamh ag gabháil leis sin, a mhinice a bheidh i gcomhréir leis an limistéar a chumhdaítear agus le méid na dtáirgí teicstíle úsáidte agus dramhaíola a bhailítear trí na pointí bailithe sin de ghnáth; |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) áiritheoidh sé go mbaileofar, saor in aisce, dramhaíl arna giniúint ag fiontair shóisialta agus ag oibreoirí ***neamhdhramhaíola*** eile ó tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt den sórt sin a bhailítear trí na pointí bailithe nasctha. | (c) áiritheoidh sé go mbaileofar, saor in aisce, dramhaíl arna giniúint ag fiontair shóisialta agus ag oibreoirí eile ó tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt den sórt sin a bhailítear trí na pointí bailithe nasctha ***chomh maith leis an gcomhordú iomlán idir fiontair shóisialta agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a chur chun cinn***. |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Maidir leis an ráta bailithe ar leithligh dá dtagraítear i mír 6, pointe (c), déanfar é a ríomh mar an gcéatadán a fhaightear ach meáchan na dtáirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in | 8. Maidir leis an ráta bailithe ar leithligh dá dtagraítear i mír 6, pointe (c), déanfar é a ríomh mar an gcéatadán a fhaightear ach meáchan na dtáirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in |

Iarscríbhinn IVc arna mbailiú i gcomhréir le mír 5 i mbliain féilire ar leith i mBallstát a roinnt ar mheáchan na dtáirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola sin ***arna nginiúint agus arna mbailiú mar dhramhaíl mheasctha chathrach***.

Iarscríbhinn IVc arna mbailiú i gcomhréir le mír 5 i mbliain féilire ar leith i mBallstát a roinnt ar mheáchan na dtáirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola sin ***arna gcur ar an margadh i mbliain féilire ar leith i mBallstát***.

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** lena leagtar síos an mhodheolaíocht le haghaidh bhailiú agus fhíorú an ráta bailithe ar leithligh dá dtagraítear i mír 6, pointe (c) den Airteagal seo. Déanfar an gníomh ***cur chun feidhme*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta ***scrúdúcháin*** dá dtagraítear in Airteagal ***39(2)***. | 9. ***Faoin... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*** glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** lena leagtar síos an mhodheolaíocht chun an ráta bailithe ar leithligh dá dtagraítear i mír 6, pointe (c) den Airteagal seo a ríomh agus a fhíorú. Déanfar na gníomhartha ***tarmligthe*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal ***38a***. |

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadaítear d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí diúltú do rannpháirtíocht fiontar sóisialta agus oibreoirí athúsáide eile sa chóras bailithe ar leithligh a bhunaítear de | 10. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadaítear d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí diúltú do rannpháirtíocht ***údarás poiblí náisiúnta chomh maith le*** fiontar sóisialta agus oibreoirí athúsáide ***agus*** |

bhun mhír 5. | ***oibreoirí maidir le hullmhú d'athúsáid*** eile sa chóras bailithe ar leithligh a bhunaítear de bhun mhír 5.

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 11

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Gan dochar do mhír 5, pointí (a) agus (b), agus do mhír 6, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit go gceadaítear d'fhiontair shóisialta a bpointí bailithe ar leithligh féin a choinneáil ar bun agus a oibriú agus go dtugtar cóir chothrom nó cóir fhabhrach dóibh maidir le suíomh na bpointí bailithe ar leithligh. Maidir le fiontair shóisialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta atá ina gcuid de na pointí bailithe nasctha i gcomhréir le mír 6, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit nach gceanglaítear orthu táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ar táirgí úsáidte agus dramhaíola iad a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a thabhairt ar láimh don eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. | 11. Gan dochar do mhír 5, pointí (a) agus (b), agus do mhír 6, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit go gceadaítear d'fhiontair shóisialta a bpointí bailithe ar leithligh féin a choinneáil ar bun agus a oibriú agus go dtugtar cóir chothrom nó cóir fhabhrach dóibh maidir le suíomh na bpointí bailithe ar leithligh. Maidir le ***húdaráis áitiúla,*** fiontair shóisialta agus eintitis an gheilleagair shóisialta atá ina gcuid de na pointí bailithe nasctha i gcomhréir le mír 6, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit nach gceanglaítear orthu táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt ar táirgí úsáidte agus dramhaíola iad a liostaítear in Iarscríbhinn IVc a thabhairt ar láimh don eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. |

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 12

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Maidir leis na pointí bailithe a | 12. Maidir leis na pointí bailithe a |

| | |
|---|---|
| bhunaítear i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 11, áiritheoidh na Ballstáit ***nach*** mbeidh siad faoi réir na gceanglas maidir le clárú ***nó*** ceadú sa Treoir seo. | bhunaítear i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 11, áiritheoidh na Ballstáit ***go*** mbeidh siad faoi réir na gceanglas maidir le clárú ***agus*** ceadú sa Treoir seo. |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 13 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) socruithe athúsáide agus deisithe atá ar fáil le haghaidh teicstílí agus coisbheart; | (b) socruithe athúsáide agus deisithe atá ar fáil le haghaidh teicstílí agus coisbheart, ***lena n-áirítear suíomh na bpointí bailithe agus conas teicstílí a dheonú i gceart***; |

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 13 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ról na dtomhaltóirí i rannchuidiú le bailiú ar leithligh teicstílí agus coisbheart, idir úsáidte agus dramhaíola; | (c) ról na dtomhaltóirí i rannchuidiú ***mar is cear***t le bailiú ar leithligh teicstílí agus coisbheart, idir úsáidte agus dramhaíola; |

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c –mír 14 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 13 go tráthrialta, go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta, ***agus go soláthraítear í trí bhíthin ceann de*** na nithe seo a leanas: | 14. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 13 go tráthrialta, go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta ***ag an díolphointe agus go bhfuil rochtain uirthi trí na modhanna seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh***: |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 14 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) suíomh gréasáin nó modh eile cumarsáide leictreonaí; | (a) suíomh gréasáin ***atá inrochtana don phobal agus éasca le húsáid*** nó modh eile cumarsáide leictreonaí; |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 14 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) faisnéis i spásanna poiblí; | (b) faisnéis i spásanna poiblí ***agus an an bpointe bailithe***; |

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 14 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***cláir*** agus feachtais oideachais; | (c) ***rannpháirtíocht an phobail trí chláir*** agus feachtais oideachais; |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 15

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-údaraítear roinnt eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí i mBallstát chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdaítear leo críoch iomlán an Bhallstáit den chóras bailithe ar leithligh a úsáidtear le haghaidh táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, idir tháirgí úsáidte agus dramhaíola. Cuirfidh na Ballstáit ar iontaoibh an údaráis inniúil nó ceapfaidh siad tríú páirtí neamhspleách chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáid na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar bhealach comhordaithe agus i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais. | 15. I gcás ina n-údaraítear roinnt eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí i mBallstát chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí, áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdaítear leo críoch iomlán an Bhallstáit***, agus é mar aidhm leis sin cáilíocht seirbhíse aonfhoirmeach a áirithiú ar fud na críche*** den chóras bailithe ar leithligh a úsáidtear le haghaidh táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, idir tháirgí úsáidte agus dramhaíola. Cuirfidh na Ballstáit***, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ach eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí amháin údaraithe iontu chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí,*** ar iontaoibh an údaráis inniúil nó ceapfaidh siad tríú páirtí neamhspleách chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáid na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar bhealach comhordaithe agus i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais. |

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 16

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 16. Ceanglóidh na Ballstáit go n-áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh maidir le faisnéis dhílsithe nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n-ionadaithe údaraithe. | 16. Ceanglóidh na Ballstáit go n-áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh maidir le faisnéis dhílsithe nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n-ionadaithe údaraithe. ***Déanfar an rúndacht sin a chothabháil ar fud na bpróiseas láimhseála, stórála agus tuairiscithe sonraí, agus beidh bearta láidre slándála agus caighdeáin um chosaint sonraí i bhfeidhm chun rochtain neamhúdaraithe nó sáruithe sonraí féideartha a chosc.*** |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 17 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gach bliain ar a laghad, faoi réir rúndacht tráchtála agus tionsclaíochta, an fhaisnéis ar an líon táirgí a chuirtear ar an margadh, ráta an bhailithe ar leithligh de tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, idir úsáidte agus dramhaíola, lena n-áirítear táirgí neamhdhíolta den sórt sin, ar na rátaí athúsáide, ullmhaithe le haghaidh athúsáide agus athchúrsála, lena sonraítear ar leithligh an ráta athchúrsála snáithín go snáithín, arna bhaint amach ag an | (a) gach bliain ar a laghad, faoi réir rúndacht tráchtála agus tionsclaíochta, an fhaisnéis ar an líon ***agus an meáchan*** táirgí a chuirtear ar an margadh, ráta an bhailithe ar leithligh de tháirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, idir úsáidte agus dramhaíola, lena n-áirítear táirgí neamhdhíolta den sórt sin***, agus na cainníochtaí dramhaíola teicstíle a bhailítear ó fhiontair shóisialta***, ar na rátaí athúsáide, ullmhaithe le haghaidh athúsáide |

| | |
|---|---|
| eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí agus ar na rátaí aisghabhála, diúscartha agus onnmhairí eile; | agus athchúrsála, lena sonraítear ar leithligh an ráta athchúrsála snáithín go snáithín, arna bhaint amach ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí agus ar na rátaí aisghabhála, diúscartha agus onnmhairí eile; |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 17 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) sonraí soiléire agus beachta maidir le tionchar comhshaoil na dtáirgí teicstíle, na dtáirgí a bhaineann le teicstílí agus na dtáirgí coisbhirt, lena n-áirítear an tionchar ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, go háirithe maidir le cleachtais agus tomhaltas an mhearfhaisin, athchúrsáil agus aisghabháil eile, agus diúscairt; díreoidh an fhaisnéis sin freisin ar dhiúscairt mhíchuí na dramhaíola teicstíle agus coisbhirt, amhail bruscar nó diúscairt i ndramhaíl chathrach mheasctha agus ar na bearta a glacadh chun na tionchair sin a mhaolú.*** |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22c – mír 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann | 18. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann |

| | |
|---|---|
| eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí foráil ***maidir le*** nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar chritéir dhámhachtana thrédhearcacha, gan ualach díréireach a chur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ***chun seirbhísí bainistithe dramhaíola a sholáthar ó oibreoirí bainistithe dramhaíola dá dtagraítear i mír 6(a) agus ó oibreoirí bainistithe dramhaíola chun cóireáil dramhaíola ina dhiaidh sin a dhéanamh***. | eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí foráil ***do*** nós imeachta roghnúcháin **trédhearcach *agus*** neamh-idirdhealaitheach ***d'oibreoirí bainistithe dramhaíola***, bunaithe ar chritéir dhámhachtana ***shoiléire, chothroma agus*** thrédhearcacha, gan ***aon*** ualach díréireach a chur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ***(FBManna), agus dálaí oibríochtúla oibreoirí bainistithe dramhaíola á gcur san áireamh agus rochtain chothrom ar sheirbhísí bainistíthe dramhaíola a áirithiú***. |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 1 Eanáir 2025 agus faoi réir Airteagal 10(2) agus (3), bailiú ar leithligh teicstílí le haghaidh athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit, faoin 1 Eanáir 2025 agus faoi réir Airteagal 10(2) agus (3), bailiú ar leithligh teicstílí le haghaidh athúsáide, ullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála. |

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an mbonneagar bailithe, lódála agus dílódála, iompair agus stórála agus oibríochtaí ***agus*** láimhseáil eile dramhaíola teicstíle, é san | 2. Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an mbonneagar bailithe, lódála agus dílódála, iompair agus stórála agus oibríochtaí ***chomh maith le próisis*** láimhseála eile |

| | |
|---|---|
| áireamh le linn oibríochtaí sórtála agus cóireála ina dhiaidh sin, go mbeidh cosaint acu ar dhálaí aimsire agus ar fhoinsí eile éillithe chun damáiste agus traséilliú na ***dteicstílí*** arna mbailiú a chosc. Teicstílí úsáidte agus dramhaíola a bhailítear ar leithligh, beidh siad faoi réir ***a*** scagtha ag an bpointe bailithe ar leithligh chun earraí nach sprioctheicstílí iad nó ábhair ***nó*** substaintí ar foinsí éillithe iad a shainaithint agus a bhaint. | táirgí dramhaíola teicstíle, é san áireamh le linn oibríochtaí sórtála agus cóireála ina dhiaidh sin, go mbeidh cosaint ***leordhóthanach*** acu ar dhálaí ***droch***aimsire agus ar fhoinsí ***féideartha*** eile éillithe ***amhail truailleáin, ceimiceáin nó ábhair ghuaiseacha*** chun damáiste agus traséilliú na ***dtáirgí teicstíle úsáidte agus na dtáirgí teicstíle dramhaíola*** arna mbailiú a chosc. Teicstílí úsáidte agus dramhaíola a bhailítear ar leithligh, beidh siad faoi réir ***próiseas***scagtha ***dian agus gairmiúil*** ag an bpointe bailithe ar leithligh***. Déanfaidh an scagadh sin*** earraí nach sprioctheicstílí iad nó ábhair, ***chomh maith le*** substaintí ar foinsí ***féideartha*** éillithe iad a shainaithint agus a bhaint. |

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le teicstílí seachas na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, chomh maith le táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola neamhdhíolta a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar na codáin éagsúla ábhar teicstíle agus earraí teicstíle ar leithligh ag pointe na giniúna dramhaíola i gcás ina n-éascaítear leis an scaradh sin athúsáid, ullmhú le haghaidh athúsáide nó athchúrsála ina dhiaidh sin, lena n-áirítear athchúrsáil snáithín go snáithín i gcás inar féidir mar thoradh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta. | Maidir le teicstílí seachas na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, chomh maith le táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt dramhaíola neamhdhíolta a liostaítear in Iarscríbhinn IVc, áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar na codáin éagsúla ábhar teicstíle agus earraí teicstíle ar leithligh ag pointe na giniúna dramhaíola i gcás ina n-éascaítear leis an scaradh sin athúsáid, ullmhú le haghaidh athúsáide nó athchúrsála ina dhiaidh sin***. Déanfar an scaradh sin go héifeachtúil chun aisghabháil acmhainní agus tairbhí comhshaoil a uasmhéadú,*** lena n-áirítear athchúrsáil snáithín go snáithín i gcás inar féidir mar thoradh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta ***agus ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 5 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach* |
|---|---|
| (b) in oibríochtaí sórtála le haghaidh athúsáide, sórtáiltear earraí teicstíle ar leibhéal iomchuí gráinneachta, scartar codáin atá oiriúnach lena n-athúsáid go díreach uathu siúd a bheidh faoi réir oibríochtaí breise ullmhaithe le haghaidh athúsáide, agus dírítear ar mhargadh athúsáide sonrach agus cuirtear i bhfeidhm critéir shórtála atá cothrom le dáta agus atá ábhartha don mhargadh glactha; | (b) in oibríochtaí sórtála le haghaidh athúsáide, sórtáiltear earraí teicstíle ar leibhéal iomchuí gráinneachta, ***lena ligtear do shórtáil ó earra go hearra***, scartar codáin atá oiriúnach lena n-athúsáid go díreach uathu siúd a bheidh faoi réir oibríochtaí breise ullmhaithe le haghaidh athúsáide, agus dírítear ar mhargadh athúsáide sonrach agus cuirtear i bhfeidhm critéir shórtála atá cothrom le dáta agus atá ábhartha don mhargadh glactha; |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 5 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) earraí a measúnaítear nach oiriúnach iad lena n-athúsáid, sórtáiltear iad le haghaidh athchúrsála agus, i gcás inar féidir mar thoradh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, ***go sonrach le haghaidh*** athchúrsáil snáithín go snáithín. | (c) earraí a measúnaítear nach oiriúnach iad lena n-athúsáid, sórtáiltear iad le haghaidh athchúrsála agus, i gcás inar féidir mar thoradh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, ***i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a bunaíodh in Airteagal 4(1), tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus d'athdhéanamh thar*** athchúrsáil snáithín go snáithín. |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh na Ballstáit sásraí a bhunú chun faireachán agus iniúchadh rialta a dhéanamh ar oibríochtaí sórtála chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a), i bpointe (b), i bpointe (c), agus i bpointe (d).*** |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Beidh an oibríocht sórtála i gcomhréir le prionsabal na gaireachta, agus tosaíocht á tabhairt do shórtáil áitiúil agus tionchair ar an gcomhshaol ón iompar á íoslaghdú.*** |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 6. Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit suirbhé comhdhéanaimh ar dhramhaíl mheasctha chathrach chun an cion teicstílí dramhaíola atá inti a chinneadh. Áiritheoidh na Ballstáit, ar bhonn na faisnéise a fhaightear, go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí gníomh ceartaitheach a dhéanamh chun cur lena líonra pointí bailithe agus feachtais faisnéise a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 22c(13) agus (14). | 6. Faoin 31 Nollaig 2025 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit suirbhé comhdhéanaimh ar dhramhaíl mheasctha chathrach chun an cion teicstílí dramhaíola ***agus an comhdhéanamh teicstílí dramhaíola i gcomhréir le hIarscríbhinn IVc*** atá inti a chinneadh, Áiritheoidh na Ballstáit, ar bhonn na faisnéise a fhaightear, go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí gníomh ceartaitheach a dhéanamh chun cur lena líonra pointí bailithe agus feachtais faisnéise a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 22c(13) agus (14). ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh torthaí na suirbhéanna sin ar fáil don phobal.*** |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 7. Áiritheoidh na Ballstáit, chun idirdhealú a dhéanamh idir ***teicstílí*** úsáidte agus dramhaíola, ***go bhféadfaidh*** údaráis inniúla na mBallstát iniúchadh a dhéanamh ar loingsithe táirgí teicstíle, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a bhfuil amhras ann gur dramhaíl atá iontu maidir le comhlíontacht na gceanglas íosta a leagtar amach i míreanna 8 agus 9 le haghaidh loingsithe táirgí teicstílí úsáidte, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a liostaítear in Iarscríbhinn IVc agus go bhféadfar faireachán a dhéanamh orthu dá réir sin. | 7. Áiritheoidh na Ballstáit, chun idirdhealú a dhéanamh idir ***teicstíle*** úsáidte agus dramhaíola ***go ndéanfaidh*** údaráis inniúla na mBallstát iniúchadh ar loingsithe tháirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a bhfuil amhras ann gur dramhaíl atá iontu maidir le comhlíontacht na gceanglas íosta a leagtar amach i míreanna 8 agus 9 le haghaidh loingsithe táirgí teicstílí úsáidte, táirgí a bhaineann le teicstílí agus táirgí coisbhirt a liostaítear in Iarscríbhinn IVc agus go bhféadfar faireachán a dhéanamh orthu dá réir sin. |

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 8 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cosaint iomchuí ar dhíobháil le linn iompar, luchtú agus díluchtú, go háirithe trí phacáistiú leordhóthanach agus cruachadh iomchuí an ualaigh. | (d) cosaint iomchuí ar dhíobháil le linn iompar, luchtú agus díluchtú, go háirithe trí phacáistiú leordhóthanach agus cruachadh iomchuí an ualaigh***, a áirithiú go gcoimeádtar sláine agus cáilíocht na dteicstílí atá le hathúsáid ar feadh an phróisis iompair***. |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 9 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) déanfar an taifead ar na hoibríochtaí sórtála nó ullmhaithe le haghaidh athúsáide a ghreamú go daingean seachas go buan ar an bpacáistíocht; | (a) déanfar an taifead ar na hoibríochtaí sórtála nó ullmhaithe le haghaidh athúsáide a ghreamú go daingean seachas go buan ar an bpacáistíocht; |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 9 – pointe a – pointe 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) tuairisc ar an earra nó ar na hearraí | (1) tuairisc ***chuimsitheach*** ar an earra nó |

| | |
|---|---|
| atá sa bhurla lena léireofar an ghráinneacht sórtála is mionsonraithe a rinneadh ar na hearraí teicstíle le linn na n-oibríochtaí sórtála nó ullmhaithe le haghaidh athúsáide ***amhail*** an cineál éadaí, méid, dath, inscne, comhdhéanamh ó thaobh ábhair de, | ar na hearraí atá sa bhurla lena léireofar an ghráinneacht sórtála is mionsonraithe a rinneadh ar na hearraí teicstíle le linn na n-oibríochtaí sórtála nó ullmhaithe le haghaidh athúsáide amhail an cineál éadaí, méid, dath, inscne, comhdhéanamh ó thaobh ábhair de***. Áireofar sa tuairisc sin*** an cineál éadaí, méid, dath, inscne, comhdhéanamh ó thaobh ábhair de, ***ach gan a bheith teoranta dóibh, agus aon saintréithe ábhartha eile a chuireann le hathúsáid agus athchúrsáil éifeachtúil,*** |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22a – mír 9 – pointe a – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ainm agus seoladh na cuideachta atá freagrach as an tsórtáil deiridh nó as an ullmhú deiridh le haghaidh athúsáide. | (2) ainm agus seoladh na cuideachta atá freagrach as an tsórtáil deiridh nó as an ullmhú deiridh le haghaidh athúsáide***, agus trédhearcacht sa phróiseas agus cuntasacht as cáilíocht na n-earraí á n-áirithiú***. |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 10 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. I gcomhréir le Rialachán (CE) 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, arna leasú le Rialachán (AE) ... / ... ó Pharlaimint na hEorpa agus*** |

***ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachá :cuir isteach tagairt don athbhreithniú ar an Rialachán um Loingsithe Dramhaíola nuair a ghlacfar é]**, ní dhéanfar dramhaíl teicstíle a mheascadh le táirgí teicstíle úsáidte.***

***------------------***

**** Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsiú dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).***

***** Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le loingsithe dramhaíola agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) Uimh. 2020/1056, COM(2021) 709 final.***

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d – mír 10 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh loingsiú táirgí teicstílí úsáidte chuig tríú tíortha i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na dtríú tíortha sin, ar reachtaíocht í a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, leis an ord poiblí, le sábháilteacht an phobail nó le cosaint sláinte.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 23 – mír 10 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***10c. Faoin 31 Nollaig 2025, forbróidh an Coimisiún staidéar chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar deiridh dramhaíola a leagtar síos in Airteagal 6 den Treoir seo maidir le polaiméirí plaisteacha a fhaightear go coitianta i mbruscar mara soladach, lena n-áirítear polaimíd.*** |
| | ***I gcás inarb iomchuí, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun bearta mionsonraithe a bhunú maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcritéar deiridh dramhaíola uile-Aontais do bhruscar muirí, agus na dea-chleachtais atá bunaithe cheana ag na Ballstáit á gcur san áireamh.*** |

*Réasúnú*

*Níl réitigh leordhóthanacha ag an Aontas Eorpach chun bruscar muirí soladach a bhailiú agus a bhainistiú (plaisteach, líonta agus trealaimh iascaireachta, etc.) Tá an folús dlíthiúil seo ag cur cosc ar dhramhaíl phlaisteach a dhéanann dochar d'éiceachórais mhuirí Eorpacha a bhailiú agus a athchúrsáil go cuí agus ar deireadh saol nua a thabhairt dóibh laistigh de mhargadh éiritheach an Aontais d'ábhair chiorclacha.*

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 22d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Airteagal 22da*** |
| | ***Spriocanna maidir le dramhaíl teicstíle a laghdú*** |

***1. Faoin 30 Meitheamh 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar leibhéil iomchuí chun spriocanna a leagan síos do 2032 maidir le dramhaíl teicstíle a laghdú, lena n-áireofar leibhéil rátaí bailithe, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide, athúsáide, athchúrsáil teicstílí agus deireadh a chur de réir a chéile le líonadh talún teicstílí. Áireofar sa mheasúnú freisin anailís ar leibhéal na n-onnmhairí teicstílí úsáidte chuig tríú tíortha agus ar an bhfreagracht táirgeoirí a leathnú chuig na honnmhairí sin. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh togra reachtach, i gcás inar iomchuí.***

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 42 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a)*** Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach: |
| | ***Airteagal 42a*** |
| | ***Meastóireacht agus athbhreithniú ar an Treoir Réime Dramhaíola*** |
| | ***Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar a thorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.*** |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 b (nua)**

Treoir 2008/98/CE

Airteagal 42 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11b)*** Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:<br>***Airteagal 42b***<br>***Meastóireacht agus athbhreithniú ar Threoir 1999/31/CE***<br>***Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar Threoir 1999/31/CE Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.*** |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá a thabhairt i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta ***18*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. | Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá a thabhairt i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta ***12*** mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 115**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn IVc**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Iarscríbhinn IVc**
***Táirgí a thagann faoi raon feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeora le haghaidh táirgí áirithe teicstíle***

*Cuid 1*

Táirgí teicstíle, agus baill teicstíle éadaigh agus gabhálais éadaigh a thagann faoi raon feidhme Airteagal 22a

| **Cód CN** | **Cur síos** |
|---|---|
| 61 – na cóid uile a liostaítear laistigh den chaibidil | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, iad cniotáilte nó cróiseáilte |
| 62 – na cóid uile a liostaítear laistigh den chaibidil | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan chniotáil ná chróiseáil |
| 6301 | Pluideanna agus rugaí taistil (seachas 6301 10 00) |
| 6302 | Éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine |
| 6303 | Cuirtíní (lena n-áirítear scaraoidí) agus dallóga intí; sciortaí cuirtíní nó sciortaí leapa |
| 6304 | Earraí fearastaithe eile, gan iad sin atá faoi cheannteideal 9404 a áireamh |
| 6309 | Éadaí caite agus baill éadaigh chaite eile |
| 6504 | Hataí agus ceannbhearta eile, iad trilsithe nó déanta trí stiallacha d'aon ábhar a chóimeáil, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís |
| 6505 | Hataí agus ceannbhearta eile, iad cniotáilte nó cróiseáilte, nó déanta as lása, as feilt nó as fabraic theicstíle eile, sa phíosa (ach ní i stiallacha), bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís; eangacha gruaige d'aon ábhar, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís |

*Cuid 2.*

Coisbhearta, agus baill éadaigh agus gabhálais éadaigh nach teicstíl a bpríomh-chomhdhéanamh faoi raon feidhme Airteagal 22a

| **Cód CN** | **Cur síos** |
|---|---|
| 4203 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, as leathar nó as leathar comhdhéanaimh (seachas coisbhearta agus ceannbhearta agus codanna díobh sin, agus earraí chaibidil 95, e.g. loirgneáin, maisc phionsóireachta) |

| | |
|---|---|
| 6401 | Coisbheart uiscedhíonach le boinn sheachtracha agus uachtair déanta as rubar nó as plaistigh, ar uachtair iad nach bhfuil feistithe ar an mbonn ná cóimeáilte trí fhuáil, trí sheamú, trí thairneáil, trí scriúáil, trí stopadh nó trí phróisis chomhchosúla. |
| 6402 | Coisbheart eile le boinn sheachtracha agus uachtair déanta as rubar nó plaistigh |
| 6403 | Coisbheart le boinn sheachtracha déanta as rubar, plaistigh nó plaisteach comhdhéanta agus le huachtair déanta as rubar |
| 6404 | Coisbheart le boinn sheachtracha déanta as rubar, plaistigh nó plaisteach comhdhéanta agus le huachtair déanta as ábhair teicstíle |
| 6405 | Coisbhearta eile |

*Leasú*

## Iarscríbhinn IVc
## Táirgí a thagann faoi raon feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeora le haghaidh táirgí teicstíle áirithe

*Cuid 1*

Táirgí teicstíle tí, agus baill teicstíle éadaigh agus gabhálais éadaigh a thagann faoi raon feidhme Airteagal 22a

| **Cód CN** | **Cur síos** |
|---|---|
| 61 – na cóid uile a liostaítear laistigh den chaibidil | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, iad cniotáilte nó cróiseáilte |
| 62 – na cóid uile a liostaítear laistigh den chaibidil | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan chniotáil ná chróiseáil |
| 6301 | Pluideanna agus rugaí taistil (seachas 6301 10 00) |
| 6302 | Éadaí leapa, línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine |
| 6303 | Cuirtíní (lena n-áirítear scaraoidí) agus dallóga intí; sciortaí cuirtíní nó sciortaí leapa |
| 6304 | Earraí fearastaithe eile, gan iad sin atá faoi cheannteideal 9404 a áireamh |
| 6309 | Éadaí caite agus baill éadaigh chaite eile |
| 6504 | Hataí agus ceannbhearta eile, iad trilsithe nó déanta trí stiallacha d'aon ábhar a chóimeáil, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís |
| 6505 | Hataí agus ceannbhearta eile, iad cniotáilte nó cróiseáilte, nó déanta as lása, as feilt nó as fabraic theicstíle eile, sa phíosa (ach ní i stiallacha), bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís; eangacha gruaige d'aon ábhar, bídís líneáilte nó cóirithe nó ná bídís |

*Cuid 2.*

Coisbhearta, agus baill éadaigh agus gabhálais éadaigh nach teicstíl a bpríomh-chomhdhéanamh faoi raon feidhme Airteagal 22a

| **Cód CN** | **Cur síos** |
|---|---|
| 4203 | Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, as leathar nó as leathar comhdhéanaimh (seachas coisbhearta agus ceannbhearta agus codanna díobh sin, agus earraí chaibidil 95, e.g. loirgneáin, maisc phionsóireachta) |
| 6401 | Coisbheart uiscedhíonach le boinn sheachtracha agus uachtair déanta as rubar nó as plaistigh, ar uachtair iad nach bhfuil feistithe ar an mbonn ná cóimeáilte trí fhuáil, trí sheamú, trí thairneáil, trí scriúáil, trí stopadh nó trí phróisis chomhchosúla. |
| 6402 | Coisbheart eile le boinn sheachtracha agus uachtair déanta as rubar nó plaistigh |
| 6403 | Coisbheart le boinn sheachtracha déanta as rubar, plaistigh nó plaisteach comhdhéanta agus le huachtair déanta as rubar |
| 6404 | Coisbheart le boinn sheachtracha déanta as rubar, plaistigh nó plaisteach comhdhéanta agus le huachtair déanta as ábhair teicstíle |
| 6405 | Coisbhearta eile |

**Leasú 116**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn VIII – pointe 2 a (nua**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
|---|---|
| | |
| | |
| *Leasú* | |
| ***Táirgí teicstíle faoi raon feidhme Airteagal 22a*** | |
| ***Cód CN*** | ***Cur síos*** |
| ***9404*** | ***Tochtanna*** |
| ***5704*** | ***Cairpéid*** |